

Tuarascáil Bhliantúil 2015  
Annual Report 2015



**Comhairle Contae  
Dhún na nGall**  
Donegal County Council



# Réamhrá

Is deis iontach é Tuarascáil Bhliantúil an Chontae 2015 le machnamh a dhéanamh agus breathnú siar ar imeachtaí i gcomhthéacs torthaí dearfacha a bhaint amach do phobal Dhún na nGall. Deis ar dóigh atá ann chomh maith eolas a chur i láthair ionas go ndéanfar an obair chrua atá déanta ag an Chomhairle agus ag a cuid comhpháirtithe a fhoilsiú agus a comhroinnt.

Le linn 2015 rinneadh an clár leathan athruithe a tugadh isteach trí chlár oibre athchóirithe an rialtais áitiúil a shocrú isteach. Mar gheall air sin deiseanna nua ann lenár ról san fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta agus pobail a fheabhsú, chomh maith le cuir chuige nua agus nuálacha a thabhairt isteach maidir le cad é mar a chuireann an Chomhairle seirbhísí ar fáil.

Leagann Plean Corparáideach na Comhairle, ar glacadh leis in 2015, cuspóir, uailmhian, agus tosaíochtaí na heagraíochta do na cúig bliana seo romhainn. Tugann sé breac-chuntas ar cheanglais na Comhairle maidir le forbairt gheilleagrach agus cruthú postanna; riachtanais bhonneagair; seirbhísí agus tacaíochtaí, ealaíona, cultúr, comhshaol, oidhreacht & teanga; forbairt pobail. Tugann an Plean Corparáideach breac-chuntas chomh maith ar chumas eagraíochtúil na Comhairle agus, go bunúsach, tugann sé prionta gorm dá gníomhaíochtaí sna blianta beaga seo romhainn.

Ullmhaíodh an Plean Forbartha Pobail Áitiúil (PFPÁ) do Dhún na nGall le linn 2015. Déanann an PFPÁ seo, atá comhsheasmhach le Plean Corparáideach na Comhairle, spriocanna, cuspóirí, agus gníomhaireachtaí atá de dhíth le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail sa Chontae sna 6 bliana seo romhainn a chur chun cinn agus tacú leo.

Cuireadh i gcrích cuid cloch mhíle stratéiseach eile in 2015, lena n-áirítear suíomh gréasáin Oifig Scannán Dhún na nGall, lainseáil an bhróisiúir agus na haipse Donegal Tourism agus táirgeadh agus lainseáil Réamheolaire Dhún na nGall agus

físeán leis a chuireann chun cinn Dún na nGall mar áit ar dóigh le bheith i do chónaí, ag obair agus ag déanamh gnó.

Lean an Oifig Fiontair Áitiúil ar aghaidh ag soláthar príomhchlár le linn 2015 le tacú le gnólachtaí ar fud an Chontae lena n-áirítear Tionscnamh Bia Cladaigh Dhún na nGall agus lainseáil plean gníomhaíochta straitéisí faoi choinne Fiontraíocht Chruthaitheach.

Bhí an Chomhairle i gceannas ar an chuibhreannas i dtairiscint do Chomhsheirbhís Oifige Bainistíochta Bóithre agus cuireadh oifig nua thiomnaithe ar bun sa Chontae in 2015. Beidh an oifig seo ar thús cadhnaíocht ag tacú le húdarais áitiúla ina ról mar Údarais Bhoithre ag freagairt ar na tosaíochtaí, polasaithe agus cuspóirí ar fad ag leibhéal náisiúnta.

Leagann an tuarascáil bhliantúil seo amach sonraí na n-imeachtaí iomadúla agus éagsúla agus éachtaí na comhairle in 2015. Cuid mhór dá ndéanann an Chomhairle, ní féidir é a bhaint amach ach trí bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí comhpháirtíochtaí éagsúla agus príomhpháirtithe leasmhara agus ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh buíochas a ghabháil le gach ceann acu as ucht a gcomhoibrithe leanúnaí.

Ba mhaith linn chomh maith glacadh leis an deis seo buíochas a ghabháil le baill thofa agus le bainisteoirí agus baill foirne na Comhairle as ucht a dtiomantais, iarrachta, agus tiomantas.

An Clr. Ciaran Brogan  
Cathaoirleach

Seamus Neely  
Príomhfheidhmeannach

## Clár Ábhair

### Uimhir Leathanaigh

Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall	4
Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall	7
Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall	8
Cruinnithe Comhairle 2015	9
Fáiltithe Cathartha 2015	11
Pobal, Fiontar & Pleanáil	13
Corparáideach, Tithíocht & Cultúr	22
Airgeadas, Córais Faisnéise & Seirbhísí Éigeandála	30
Bóithre & Caipiteal Tithíochta	40
Uisce agus Comhshaol	48
<i>Aguisíní</i>	
Ballraíocht Comhairle Coistí agus Eagrais Eile	55
Oiliúint i leith Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann 2015	67
Taisteal Thar Lear 2015	68
Speansais Comhaltaí 2015	69



# Comhaltaí Chomhairle Contae Dhún na nGall

## Ceantar Bardasach Dhún na nGall



An Clr. John  
Campbell  
Neamhspleách



An Clr. Tom  
Conaghan  
Neamhspleách



An Clr. Noel  
Andrew Jordan  
Sinn Féin



An Clr. Niamh  
Kennedy  
Neamhspleách



An Clr. Sean  
McEniff  
Fianna Fáil



An Clr. Barry  
O'Neill  
Fine Gael

## Ceantar Bardasach na nGleanntach



An Clr. Enda Bonner  
Fianna Fáil



An Clr. Maire  
Therese Gallagher  
Sinn Féin



An Clr. Micheál Cholm  
Mac Giolla Easbuig  
Neamhspleách



An Clr. Séamus  
Ó Domhnail  
Fianna Fáil



An Clr. John  
Shéamais O'Fearraigh  
Sinn Féin













An Clr. Terence  
Slowey  
Fine Gael



## Ceantar Bardasach Inis Eoghain

				
An Clr. Paul Canning	An Clr. Nicholas Crossan	An Clr. Albert Doherty	An Clr. Rena Donaghey	An Clr. Martin Farren
Fianna Fáil	Neamhspleách	Sinn Féin	Fianna Fáil	Labour
				
An Clr. Martin McDermott	An Clr. Bernard McGuinness	An Clr. Jack Murray	An Clr. John Ryan	
Fianna Fáil	Fine Gael	Sinn Féin	Fine Gael	

## Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn

				
An Clr. Liam Blaney	An Clr. Ciaran Brogan	An Clr. Jimmy Kavanagh	An Clr. Michael McBride	An Clr. James Pat McDaid
Fianna Fáil	Fianna Fáil	Fine Gael	Neamhspleách	Fianna Fáil
				
An Clr. Ian McGarvey	An Clr. Gerry McMonagle	An Clr. John O'Donnell	An Clr. Mick Quinn	An Clr. Dessie Shiels
Neamhspleách	Sinn Féin	Neamhspleách	Sinn Féin	Neamhspleách

## Ceantar Bardasach Shrath an Urláir



An Clr. Gerry  
Crawford

Fianna Fáil



An Clr. Gary  
Doherty

Sinn Féin



An Clr. Liam  
Doherty

Sinn Féin



An Clr. Martin Harley

Fine Gael



An Clr. Frank  
McBrearty



Neamhspleách



An Clr. Patrick  
McGowan

Fianna Fáil


# Ceantair Bhardasacha Chontae Dhún na nGall





# Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá cúig stiúirthóireacht i gComhairle Contae Dhún na nGall. I gceannas ar gach stiúirthóireacht tá Stiúirthóir Seirbhísí agus tugann gach stiúirthóireacht réimse feidhmeanna agus seirbhísí.



## Cruinnithe Comhairle 2015

Bhí 12 cruinniú iomlána den Chomhairle in 2015, ina raibh 8 gCruinniú Comhairle iomlána (lena n-áirítear cruinniú buiséid amháin) agus 4 chruinniú curtha ar athlá.

Bhí 3 chruinniú speisialta den Chomhairle ann le hionadaíocht a athbhreithniú agus a dhearbhu ó Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, le Fo-Dhlithe Tráchtá Bóithre 2015 a chomhaontú agus leis an teagmhas aimsire dian.

Thionóil an Grúpa Polasaí Chorparáidigh 7 gCruinniú.

Bhuail gach Ceantar Bardasach de Dhún na nGall, Srath an Urláir, na Gleanntaí & Leitir Ceanainn le chéile 11 uair in 2015.

## Coistí Polasaí Straitéisigh

Tá cúig Choiste Polasaí Straitéisigh ann (CPS).

### CPS Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha

An Clr. Marie Therese Gallagher  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Pobail, Sóisialta agus Cultúrtha le chéile ceithre iarraidh in 2015 agus d'athbhreithnigh siad na polasaithe agus na saincheistanna seo a leanas:

- Cuimhneacháin / Coiste Stiúrtha 2016
- Forbairt Siúl & Cosán
- Plean Corparáideach (2015-2019)
- Plean Straitéiseach Seirbhísí Cultúrtha
- Clár Oibre Aonad AE
- Ciste Sparánachta Spóirt 2015-2016
- Ciste Forbartha Straitéisí – Athruithe Polasaí Molta

## CPS Geilleagair, Fiontraíochta & Pleanála Polasaí

An Clr. Paul Canning  
Cathaoirleach

Thionóil an CPS Geilleagair, Fiontraíochta agus Pleanála Polasaí trí chruinniú in 2015 agus pléadh na hábhair seo a leanas:

- Plean Coparáideach (2015 – 2019)
- Plean Áitiúil Geilleagar agus Pobail (PÁGP)
- Measúnú Dréachtach Carachtair Tírdhreacha
- Athbhreithniú ar Scéim Forbartha Ranníocaíochta
- Athrú Molta (Uimh. 3) ar Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (mar a athraíodh)
- Nuashonrú Turasóireachta
- Trádáil Ócáideach
- Plean Ceantair Áitiúil Shraith 2

## CPS Comhshaoil & Seirbhísí Éigeandála

An Clr. John O'Donnell  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála le chéile ceithre iarraidh in 2015 agus d'athbhreithnigh siad a leanas:

- Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola
- Bainistíocht trána
- Bainistíocht bruscair
- Treoir Creata Uisce
- Bailte Slachtmhara

## CPS Tithíochta & Seirbhísí Corparáideacha

An Clr. Frank McBrearty,  
Cathaoirleach

Bhí cúig chruinniú agus aon cheardlann amháin ag an CPS Tithíochta & Seirbhísí

Corparáideacha le linn 2015 agus d'athbhreithnigh siad polasaithe agus nósanna imeachta maidir leis na hábhair seo a leanas:

- Lámhleabhar Tionóntaí
- Polasaí ar Cheannach Tí
- Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí
- Plean Coparáideach 2015 – 2019
- Athbhreithniú ar Chostálacha Caighdeánacha faoin Scéim um Dheontais Oiriúnaithe Tí do Dhaoine Breacaosta agus Daoine at faoi mhíchumas.
- Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ICT)

## **CPS Bóithre & Iompair**

An Clr. John Ryan,  
Cathaoirleach

Tháinig an CPS Bóithre agus iompair le chéile 4 huairé le linn 2015 agus chomhaontaigh siad Plean ábhar 5 Bliana a dhéanfadh an CPS machnamh orthu le linn a ré. Le linn 2015 d'fhorbair agus chomhaontaigh an CPS Bóithre agus iompair polasaí maidir le Gabháil Bóithre, a cuireadh ar aghaidh lena bhreithniú ansin ag an Chomhairle thofa i dtreo dheireadh na bliana. Bhreithnigh an CPS a leanas:

- Rátáil Ríocht na gCosán
- Leithdháileadh Maoinithe Bóithre
- N2/A5 (Baile Átha Cliath go Doire/Dún na nGall)
- Athbhreithniú ar Chlár/Pholasaí Sábháilteachta Scoileanna
- Polasaí Soláthair
- Maoiniú LIS & CIS
- Roghanna maidir le Dromchla Bóithre
- Glúineach Bhiorach



## Fáiltithe Cathartha 2015

D'óstaigh Comhairle Contae Dhún na nGall 5 fháilte chathartha in 2015 leis na héachtaí iontacha seo a leanas a aithint:

### Grúpa Drámaíochta Aisteoirí Leifir

Ar 25 Bealtaine 2015, tugadh ómós do Ghrúpa Drámaíochta Aisteoirí Leifir ag fáiltiú cathartha lena 60 bliain agus a mórchuid éachtaí sa drámaíocht amaitéarach a chomóradh .



### Hugh Gallagher

Tugadh ómós don iar-lúthchleasaí ildána agus iarphearsa Dhún na nGall na bliana, Hugh Gallagher, as ucht a éachtaí iontacha sa lúthchleasaíocht ag fáiltiú cathartha in Áras an Chontae i Leifear ar a 2 Meitheamh 2015.



### Cumann Pheil na mBan, an Tearmann

Tugadh ómós do Chumann Pheil na mBan, an Tearmann, as ucht a n-éachtaí áitiúla agus náisiúnta as diaidh a chéile ó cuireadh ar bun iad in 1992, lena n-áirítear Craobh Uile-Eireann Pheil na mBan in 2014. Bhí fáiltiú cathartha in ómós d'fhoireann Pheil na mBan, an Tearmann, ar an 2 Meitheamh 2015 in Áras an Chontae, Leifear.



### Coiste Bailte Slachtmhara Leitir Ceanainn

Ar an 7 Nollaig 2015 tugadh ómós do Choiste Bailte Slachtmhara Leitir Ceanainn as ucht Chomórtas Supervalu na mBailte Slachtmhara 2015 a bhaint. Comhfháiltiú a bhí ann le Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn. Ainmníodh Leitir Ceanainn mar an baile is fearr as 862 bhaile agus sráidbhaile ar fud na tíre a chuir isteach ar an chomórtas in 2015. Fógraíodh é chomh maith mar an tlonad Uirbeach Mór is slachtmhaire in Éirinn.



## Jason Quigley

Tá iomrá ar Jason Quigley go bhfuil sé ar dhuine de na fir spóirt is clúití dár tháinig as Dún na nGall agus tugadh ómós dó le fáiltiú cathartha in Áras an Chontae ar an 7 Nollaig 2015. Tugadh ómós do Jason as ucht Bonn Óir a bhaint i gCraobh Dornálaíochta Amaitéirí na hEorpa (an Roinn Meánmheáchain) agus as ucht a éachtaí sa Dornálaíocht.





# Pobal, Fiontar & Pleanáil

## Bainistíocht Ciste

Leithdháileadh €740,000 faoin Chiste Forbartha Straitéisí go 212 thionscadal/ghrúpa ar fud na gcúig cheantar Bhardasacha le linn 2015.

Chomh maith leis sin, rinne na 37 gComhalta Thofa leithdháiltí ón Chiste Forbartha Comhaltaí chun sochair do ghrúpaí/thionscadail ar fud an chontae arbh fhiú €236,000 ar fad in 2015.

### Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Lean an CFPÁ ar aghaidh ag maoirsiú chur i bhfeidhm an Chláir um Fheidmiú Cuimsithe Sóisialta Pobail, a ritheann go dtí an Nollaig 2017 agus díríonn sé ar phobail faoi mhíbhuntáiste a chumasú, foghlaim fad saoil agus fostaíocht.

Is é CFPÁ an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil do Chontae Dhún na nGall chomh maith laistigh de chlár nua RDP LEADER 2014-2020. Gheobhaidh an coiste tacaíocht chomh maith ó cheithre chomhpháirtí infheidhmithe, is iad siúd Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall, Comhar na nOileán agus Údarás na Gaeltachta. Tá leithdháileadh €12.9 ar fáil don chontae agus beidh sé á stiúradh ag an Straitéis Forbartha Áitiúil atá á forbairt ag an CFPÁ.

### Plean Áitiúil Geilleagar agus Pobail (PÁGP)

D'oibrigh an Coiste Forbartha Geilleagair agus an Coiste Forbartha Ceantair Áitiúil i gcomhpháirt le Plean Áitiúil Geilleagair agus Pobail (PÁGP) 6 bliana a ullmhú le cur isteach chuig an gComhairle iomlán lena bhreithniú i mí Eanáir 2016. Is é cuspóir an phlean seo gníomhartha a shainnint agus a chur i bhfeidhm le gnéithe geilleagair agus pobail an Chontae a neartú agus a fhorbairt le straitéisí reatha agus molta spásúil Náisiúnta agus Réigiúnach, pobail agus geilleagair, agus le tacú leo.

## Buaicphointí 2015

- Bhain **212** thionscadal tairbhe as **€740,000** de Chiste Forbartha Straitéisí

- **€236,000** sannta do thionscnaimh phobail ó Chiste Forbartha na mBall

- Straitéis Éascaitheachta Dhún na nGall d'Aosaigh Iainseáilte

- Os cionn **400** grúpa cláraithe le Líonra Rannpháirtíochta Dhún na nGall

- **€32,223 58** de mhaoiniú Turasóireachta Diaspóra bronnta ar **58** ngrúpa

- Oifig Scannán Dhún na nGall oscailte

- Réameolaire agus DVD nochtaithe i dtaca le Dún na nGall, áit ar dóigh le bheith i do chónaí ann, ag obair agus do ghnó a dhéanamh

- **€264,575** bronnta ar **22** ghnólacht bheag leis an fhéideartacht **93** phost nua a chruthú

- **1,342** dhuine ceaptha i gcláir meantóireachta nó oiliúna & bainistíochta de chuid Oifige Fiontar Áitiúil (OFÁ)

- **700** i láthair ag Seachtain Ghnó Dhún na nGall

- **70** iarratas ó Dhún na nGall ar chomórtas an Fhiontraí Óg is Fearr in Éirinn (FÓFÉ)

- Ghlac **11** ghnólacht páirt in Lean for Micro, a raibh de thoradh air **€58,700** de choigilteas do gach comhlacht

- Plean Gníomh Straitéiseach d'Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall Iainseáilte

- **1,755** iarratas pleanála faighte in 2015

- **€2** milliún infheistithe in **17** n-eastát tithíochta neamhchríochnaithe

- **67** bhforbairt tithíochta tugtha ar aghaidh go dtí céim an fhógra phoiblí lena dtógáil i gcúram



## Clár Interreg IVA

Lean oibreacha ar aghaidh ar thrí mhórhionscadal a fuair maoiniú faoi Interreg IVA, is iad diúl Sail West, Paiteagó - Tulaigh Uí Thiomáin agus Sliabh Liag. Fuarthas maoiniú níos mó ná €3.3m do na tionscadail seo in 2015.

## Clár PEACE IV

Is tionscnamh trasteorann uathúil é clár PEACE IV 2014-2020 atá maoinithe tríd an Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) de chuid an Aontais Eorpaigh agus arna bhainistiú ag Comhlacht na gClár Speisialta AE (CCSAE) le tacú le síocháin agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus i réigiún na teorann in Éirinn.

I nDún na nGall is é an buiséad táscach €5,427,756 agus miondealaítear é sna príomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí seo a leanas:

Gníomhaíocht	Buiséad Táscach
Leanaí & Óige (aois 0-24)	1,140,554
Tionscadail Spáis Chomhroinnte	1,927,216
Caidreamh Dearfach a Thógáil (Pleananna Gníomhaíochta)	2,359,987
<b>Buiséad Táscach Iomlán</b>	<b>5,427,757</b>

## Aonad Mhaoiniú agus Pholasaí AE

Le linn 2015 lean an tAonad seo ar aghaidh ag leathnú go rathúil a ghníomhaíochtaí leis na deiseanna a thugann incháilitheacht an réigiúin le bheith san iomaíocht i gcláir maoinithe Náisiúnta agus Eorpacha a fhiosrú.

Lean an tAonad ar aghaidh ag fiosrú go gníomhach tústairiscintí INTERREG 2014/2020 agus cláir thrasnáisiúnta eile le tionscadail a fhorbairt a ailíníonn le cuspóirí agus le tosaíochtaí fadtéarmacha Phlean Corparáideach agus Phlean Pobail na Comhairle. Is iad na trí chroírímse oibre laistigh den aonad AE maoiniú seachtrach,

líonraí agus comhpháirtíocht agus obair pholasaí.

I measc iarratais 2015 tá:

- Cool Route (Interreg VB) – scrúdaíonn an fhéidearthacht ghnó a bhaineann le bealach cúrsála mara a chur ar bun ar feadh Cheantar an Fhorimill ó Thuaidh.
- WildseaEurope (COSME) – lainseáilte i mí Iúil 2015, scrúdaíonn an tionscadal seo a inmharthanaí a bheadh sé bealach inbhuanaithe turasóireachta a chur ar bun (spóirt uisce agus gníomhaíochtaí lasmuigh).
- Ullmhaíodh ocht n-iarratas tionscadail eile agus cuireadh isteach iad lena mbreithniú, ag súil le cinntí i dtús 2016.


## Líonraí agus Comhpháirtíochtaí:

Ghlac an tAonad AE páirt sa Chomhdháil do Chathracha Stua an Atlantaigh i Meán Fómhair, Ag Cur i bhFeidhm Phlean Gníomhaíochta an Atlantaigh & ag Tomhas Gheilleagar an Áigéin i nGaillimh i mí na Samhna agus seimineár ar mhaoiniú AE i nDoire. Éascaíonn an tAonad seo rannpháirtíocht na Comhairle i gcuid comhpháirtíochtaí lena n-áirítear Comhthionól Réigiúin na hEorpa (CRE), FEDETON (Cinn Scríbe Eorpacha don Turasóireacht Mhuirí), Oifig Réigiúin na hÉireann, Tionól an Tuaiscirt agus an Iarthair, NWRCBG agus ICBAN.

## Cuimsiú Sóisialta / Forbairt Pobail

### Bá d'Aosaigh

Is contae é Dún na nGall atá báúil d'aoisigh agus tá ár Straitéis Éascaíochta d'Aosaigh, a lainseáladh i mBealtaine 2015, á comhordú agus á cur i bhfeidhm ag comhghuaillíocht de chomhpháirtithe reachtúla agus deonacha. Is é aidhm fhoriomlán na Straitéise Éascaíochta d'Aosaigh áit ar dóigh a dhéanamh de Chontae Dhún na nGall le dul in aois.



### Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (GRP)

Is líonra é GRP Dhún na nGall do ghrúpaí ar fud an chontae atá páirteach i ngníomhaíochtaí pobail, cuimsitheachta sóisialta, agus gníomhaireachtaí comhshaoil. Cuireann sé ar fáil deis don phobal ról níos gníomhaí agus foirmiúla i gceapadh polasaí na Comhairle. Tá faoi láthair os cionn 400 eagraíocht phobail agus dheonach cláraithe mar bhaill.

### Giomnásiam Taobh Amuigh

Fuarthas €58,037 de mhaoiniú faoin Tionscnamh Náisiúin Spóirt faoi choinne giomnásiam taobh amuigh a fhorbairt ag na Fáichí Íascaireachta i mBun Cranncha.

### Forbairt & Cur chun cinn Turasóireachta

Thacaigh an Chomhairle le réimse leatha gníomhaíochta & eagraíochtaí lena n-áirítear Turasóireacht Dhún na nGall, Diaspóra Dhún na nGall, an Oifig Scannán, tionscadail oifigiúla áitiúla, agus comhdháil mhór turasóireachta.

### Tionscadal Dhiaspóra Dhún na nGall

Comhpháirtíocht triúir is ea Tionscnamh Turasóireachta Dhún na nGall idir Fáilte Ireland, IPB Insurance agus Comhairle Contae Dhún na nGall agus baineann sé le pobail áitiúla a spreagadh le naisc Dhiaspóra áitiúla chun sochair don turasóireacht áitiúil. In

2015, bhronn Comhairle Contae Dhún na nGall €32,223 de mhaoiniú ar 58 ngrúpa pobail ar fad.

Lean Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall ar aghaidh lena gcuid oibre ag comhoibriú leis an bpobal domhanda trí ghníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear comhdháil Diaspóra, Dámhachtain Tip O'Neill Dhiaspóra na hÉireann, agus Dámhachtainí na nDroichead Órga.

### Bróisiúr Turasóireachta Dhún na nGall

Lainseáil Gay Byrne bróisiúr úrnua Thurasóireacht Dhún na nGall, ag tarraingt airde ar gach a bhfuil ag Dún na nGall le tairiscint, i Márta 2015, i gCaisleán aoibhinn Ghleann Bheatha. Ceaptha go hálainn sa bhróisiúr 58 leathanach tá a lán íomhánna a léiríonn mórgacht Dhún na nGall. Leagann sé amach réimse gníomhaíochtaí, áiteanna spéisiúla agus seirbhísí atá ar fáil do chuariteoirí féideartha.



### Dún na nGall ag nascadh le Nottingham faoi choinne Mhórshiúl Lá Fhéile Pádraig

D'iarr Féile agus Coiste Paráide Lá Fhéile Pádraig Nottingham agus Comhairle Cathrach Nottingham ar Chontae Dhún na nGall imeachtaí ceiliúrtha Lá Fhéile Pádraig a

cheiliúradh. I measc ionadaithe ó Dhún na nGall bhí ionadaithe tofa agus baill foirne Chomhairle Contae Dhún na nGall, ionadaithe turasóireachta agus dhá tháirgeoir bia áitiúla: O'Donnell's Bakery agus Simply Inish, ar baill iad den Líonra Bia Cósta. Mar thoradh air an chuairt seo bhí agus beidh cuid clubanna lonnaithe in Nottingham ar cuairt i nDún na nGall.

### **Oifig Scannán Dhún na nGall**

Lainseáil Oifig Scannán Dhún na nGall a suíomh gréasáin, [www.donegalfilmoffice.ie](http://www.donegalfilmoffice.ie) in 2015 le Dún na nGall a chur chun cinn mar shuíomh scannánaíochta ar dóigh.

## **Forbairt Gheilleagrach**

### **An Coiste Forbartha Geilleagraí**

Tháinig an Coiste Forbartha Geilleagraí le chéile trí huairé in 2015.

### **Dún na nGall, áit ar dóigh le cónaí ann, le bheith ag obair agus le gnó a dhéanamh**

Lainseáladh in 2015 DVD ar ardchaighdeán agus réamheolaire le Dún na nGall a chur chun cinn mar áit ar dóigh le bheith i do chónaí ann, le bheith ag obair agus le gnó a dhéanamh.



## **Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)**

### **Cabhair Dheontais**

D'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) €264,575 de chabhair dheontais do 22 thionscadal ag a raibh an fhéidearthacht 93 phost nua a chruthú. Léiríonn an suirbhé fostaíocht bliantúil (réamhfhigiúirí) ar ghnólachtaí a fuair cabhair dheontais ón Oifig Fiontair Áitiúil go bhfuil gnóthú glan ann, 140 post, in 2015.

### **Meantóireacht / Oiliúint**

Fuair 1,342 dhuine meantóireacht nó ghlac siad páirt i gclár oiliúna agus forbartha bainistíochta a sholáthair an Oifig Fiontair Áitiúil. Mná ab ea iad 692 (nó 51.5% acu). I measc na gclár bhí soláthar poiblí, Forbairt Bainistíochta do Bhanbhainisteoirí agus do Bhanúinéirí, Clár ACCELERATE, Tosaigh do Ghnólacht Féin agus Tosaigh do Ghnólacht Bia Féin, Clár Fiontraíthe Óga, Lean for Micros, Diplóma Margaíochta Digiteach, an tAcadamh Bia agus réimse clár agus ceardlanna san earnáil bia.

### **Clár an Fhiontraí Óig is Fearr**

Fuair an Oifig Fiontraíochta Áitiúil os cionn 70 iarratas don bhabhta contae den Fhiontraí Óg is Fearr, agus ba iad na iarrthóirí a bhain Christopher Duffy, Duffy Potatoes, Bun Cranncha (Gnólacht Nuationscanta agus Buaiteoir Contae ar Fad), Aisling Cunningham, Powder and Pout, Carn Domhnach, (Gnóthlacht Reatha is Fearr) agus Niall McGonigle, NTech, Bun Dobhráin (an Smaoineamh Úr is Fearr). Bhain Niall tríd ag an leibhéal réigiúnach agus rinne sé ionadaíocht ar son an chontae sa bhabhta ceannais in Google i mBaile Átha Cliath.

### **Seachtain Ghnó**

Rith an tSeachtain Ghnó ón 23 go dtí an 27 Márta, bhí os cionn 700 i láthair agus craoladh Down to Business beo le Bobby Kerr ó Newstalk. Ba é buaicphointe na Seachtaine Gnó babhta craoibhe Dhámhachtainí Gnó Dhún na nGall Dé hAoine. Ba é na buaiteoirí ar an iomlán Rick LeVert agus Libby Carton, Kinnegar Brewing, a chuaigh ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar son an chontae ag an leibhéal náisiúnta agus fuair siad tríd go dtí na hocht ngnólachtaí deiridh ar oíche an bhabhta ceannais.

### **Lean for Micro**

Phíolótaigh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil clár forbartha bainistíochta Lean for Micro in 2015. Maoinithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall, ghlac 11 ghnólacht páirt sa Chlár a raibh de thoradh air aschuir an-dearfacha le níos mó ná €58,700 de choigilteas in aghaidh na cuideachta (€646,000 de choigiltis ar fad) agus 24% de mheánmhéadú in aschur/acmhainn.



### **Éarlais Trádála ar Líne**

D'fhaomh an Oifig Fiontraíochta Áitiúil 35 Éarlais Trádála ar Líne do 35 ghnólacht sa chontae. Maoiníonn na héarlaisí seo na costais atá ag gnólacht ag feabhsú a láithreachta agus a gcumais díolacháin ar líne. Tá an éarlais ag ráta 50% a fhad le huasmhéid €2,500 agus tá sé maoinithe ag an Roinn Cumarsáide, Muirí & Acmhainní Daonna.

### **Fiontraíocht Chruthaitheach**

I mí na Bealtaine lainseáil an Oifig Fiontraíochta Áitiúil an Plean Gníomhaíochta Straitéisí don Fhiontraíocht Chruthaitheach do Dhún na nGall agus thosaigh rolladh amach na gníomhaíochtaí i mí an Mheithimh nuair a


cuireadh ar bun coiste comhairleach (an Chomhpháirtíocht Chruthaitheach), píolótú líonraí fochontae i mBaile Dhún na nGall, Carn Domhnach, an Bun Beag agus Leitir Ceanainn agus cruthú dhá chlár forbartha a chuirfear i bhfeidhm i dtús 2016.

### **Seirbhísí Pleanála**

#### **Iarratais Phleanála**

Lean líon na n-iarratas pleanála ar aghaidh ag fás go réidh, mar seo a leanas:

## Próifíl iarratas pleanála 2015




### Forfheidhmiú

Bhí líon na gcásanna forfheidhmithe ina ghné suntasach de na héilimh ar an tSeirbhís Pleanála le béim níos mó á cur go náisiúnta ar chomhlíontacht a chinntiú le caighdeáin forbartha agus go gcloítear

le forálacha na nAchtanna Pleanála & Forbartha.

Sa líon cásanna in 2015 bhí:

## Forfheidhmithe Pleanála 2015




### Cásanna Eile

Pléadh le beagnach 849 gcás le linn 2015, lena n-áirítear fiosruithe réamhpleanála,

iarratais maidir le cuardaigh phleanála agus atreoruithe na seirbhíse foraoiseachta.

Léirítear réimse agus méid cineálacha eile cásanna thíos anseo:



### Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe

Sa dianiarracht cuid mhór de na fadhbanna is suntasaí a bhaineann le fadhbanna a bhaineann le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe bhí soláthar réiteach ag úsáid timpeall €2 milliún de mhaoiniú. Leis an

infheistíocht seo rinneadh obair leasacháin ar 17 bhforbairt le gealltanais leanúint ar aghaidh leis an gclár seo isteach in 2016.



*Cois na hAbhann, an Mhálainn - Éadanas Bóthair Phoiblí (roimhe)*



*Bealach Ghearóid, Carn Domhnach (roimhe)*



*Cois na hAbhann, an Mhálainn - Éadanas Bóthair Phoiblí (ina dhiaidh)*



*Bealach Ghearóid, Carn Domhnach (ina dhiaidh)*

### **Tógáil i gCúram Forbairtí Tithíochta**

Tugadh 67 bhforbairt tithíochta ar aghaidh go dtí céim an fhógra phoiblí lena dtógáil i gcúram. Táthar ag dréim leis go mbeidh an próiseas seo i gcrích i dtús 2016 le clár leanúnach tógála i gcúram ag leanúint ar aghaidh sna blianta beaga seo romhainn.

### **Polasaí**

Bhí an Láraonad Pleanála dírithe ar fhorbairt creataí straitéis agus polasaí ag treorú forbartha pobail agus geilleagair agus ag an am céanna ag cosaint agus ag cur chun cinn sócmhainní comhshaoil agus oidhreachta an chontae. In 2015 cuireadh na cláir seo a

leanas i gcrích nó tugadh chun cinn go suntasach iad:

- Foilsiú Measúnú Dréachtach Carachtair Thírdhreacha;
- Plean Áitiúil Geilleagar & Pobail (PÁGP)
- Tosú Pleananna Ceantair Áitiúil do Bhailte Shraith 2
- Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Oidhreachta 2015
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.



*An Príomhfheidhmeannach Seamus Neely (ar dheis) le Michael O hÉanaigh, iar-Stiúrthóir Pobail, Cultúir & Pleanála Forbartha, Denis Kelly, Pleanálaí Feidhmeannach Sinsearach, agus Claire McCallan, Ailtire Caomhantais, agus iad ag amharc ar chóip d'fhoilseachán REOG, 'An Introduction to the Architectural heritage of County Donegal', a foilsíodh in 2015.*

**Tuairisc ó Liam Ward,  
Stiúrthóir Seirbhíse**



# Corparáideach, Tithíocht & Cultúr

## Seirbhísí Tithíochta

Is é aidhm fhoriomlán ár bpolasaí tithíochta é a chur ar chumas gach teaghlaigh áit chónaithe inacmhainne ar dhea-chaighdeán a bheith acu, atá fóirsteanach dá riachtanais, atá i ndea-thimpeallacht agus, a fhad agus is féidir, ar feadh tréimhse atá dá rogha.

Ar na cineálacha cabhrach a cuireadh ar fáil le inn 2015 bhí réimse ann, ó mheascán de leithdháileadh tionóntachtaí faoi Chlár Tithíochta Sóisialta na Comhairle féin, Clár Tithíochta Deonach, Tionscnamh i leith Léasú Fadtéarma, Scéim Cóiríochta Cíos (SCC) agus Íocaíocht Cúnaimh Tithíocht agus soláthar cabhair dheontais faoin Scéim um Dheontais Oiriúnaithe Tí do dhaoine atá faoi mhíchumas, an Scéim Deontais d'Áiseanna Luaineachta agus an Scéim Deontais faoi choinne Cuidiú Tithíochta do Dhaoine Breacaosta. I measc gníomhaíochtaí eile leanadh ar aghaidh le clár athchóirithe ar chuid eastát tithíochta de chuid an údaráis áitiúil.

### Riachtanas Tithíochta

Ag deireadh 2015 bhí 2,566 dhuine a sainaitníodh a bheith i ndíth tithíocht Shóisialta i gContae Dhún na nGall. Ba é an riachtanas glan, nuair a cuirtear daoine a bhí ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta cheana féin san áireamh, 2,093.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a díchill riar ar riachtanais iarratasóirí, ag úsáid meascán de leithroinnt stoic tithíochta sóisialta reatha/beartaithe, áiteanna cónaithe ar léas, cóiríocht tithíochta dheonach, cóiríocht a fuarthas faoin Scéim Cóiríochta Cíos agus an Scéim Cúnaimh Íocaíochta Tithíochta.

### Leithdháiltí

Leithdháileadh 27 n-áit chónaithe ar fad in 2015, ar teachíní tuaithe aonair, áiteanna cónaithe scéime agus ceannaigh aonair iad.

## Buaicphointí 2015

- **2,566** dhuine i ndíth tithíocht shóisialta le **2,093** de ghlanriachtanas
- **541** aistriú íocaíochta Cúntóra Tithíochta
- **27** n-áit chónaithe leithdháilte agus áit chónaithe tugtha do **294** theaghlach eile faoin Scéim Cóiríochta Cíos (SCC)
- **3,883** theach Comhairle ar cíos in **301** eastát tithíochta agus **933** theach aonair chomh maith
- **€3.316** milliún caite ar ghnáthchothabháil agus ar fholúntais ócáideacha
- Oibreacha feabhsaithe ar níos mó ná **350** áit chónaithe
- **210** n-áit chónaithe athchóirithe
- **87,300** glao ar an Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí
- Cigireacht déanta ar **6,795** ainmhí i **6** sheamlas áitiúla ag cigirí tréidliachta
- **7,945** cheadúnas madaidh ar leith eisithe
- **346** mhadadh tugtha ar ais dá n-úinéirí nó tugtha d'úinéir eile trí Dhídean Madadh Dhún na nGall
- Níos mó ná **330,000** leabhar tugtha ar iasacht tríd an líonra leabharlanna ar fud an chondae
- Chláraighe beagnach **1,500** leanbh sa Chlár Léitheoireachta Samhraidh
- **9,000** cuairteoir, **1,400** fiosrú agus **133** imeacht ag Ionaid Eolais Dhíreach Eorpacha
- Clár fairsing féilte, lena n-áirítear Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Wainfest, Cuan Dhún na nGall agus na Cruacha Gorma, Féile Idirnáisiúnta Lughnasa Uí Fhril & Oíche Chultúir
- An clár READ DL ainmnithe faoi choinne Dámhachtain LAMA
- Thacaigh Seirbhísí Ealaíon le **7** n-áit amharclainne nua a stáisiú.
- **3** thaispeántas aonair nua le healaíontóirí ó Dhún na nGall, Omar Yashruti, Orla McHardy agus Marie Barrett, ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach
- I Músaem an Chontae óstáidh Clog agus Scrín Naomh Conall Cael of St. Conall Cael
- Táirgeadh Pacáiste Staire agus Oidhreacht Dhún na nGall

Chomh maith leis sin bhí 243 fholúntas ócáideacha leithdháilte le linn 2015, le 23 acu seo ina dtionóntachtaí oidhreacht.

## Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Is é is ÍCT ann tacaíocht tithíochta sóisialta nua i réir leis an Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. Is é atá i gceist le ÍCT aistriú freagrachta faoi choinne soláthar cúnaimh cíosa dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarma acu ón Roinn Coimirce Sóisialta (RCS) d'Údarás Áitiúla. Beidh Fordheontas Cíosa ar fáil ar fad ó na hOifigigh Leasa Pobail do theaghlach a bhfuil riachtanas gearrthéarma acu i.e. dífhostaíocht nó teaghlach a bhí ag fáil fordheontas cíosa ag am ar bith thar na 12 mhí dheireanacha. Spreagann ÍCT faighteoirí fostaíocht iomlán a ghlacadh a fhad is go bhfuil siad ag fáil tacaíocht tithíochta go fóill. Thar am tiocfaidh as sin feabhsú i gcaighdeán na cóiríochta agus an Chomhairle ag déanamh cigireachta ar áiteanna cónaithe.

I ndiaidh an reachtaíocht riachtanach a bheith achtaithe thosaigh an Chomhairle ÍCT ar an 25 Bealtaine 2015 agus rinneadh 541 aistriú ÍCT faoi dheireadh na bliana.

Chomh maith leis sin, tugadh cóiríocht do 294 theaghlach faoi SCC.

## Cothabháil

Ag deireadh 2015, bhí 3,883 theach ar cíos ag an Chomhairle i níos mó ná 301 Eastát Tithíochta ar leith. Bhí, chomh maith, 933 theach aonair curtha ar fáil mar ásc aonair nó tithe tuaithe nó i gcásanna áirithe tithe aonair ceannaithe laistigh d'eastáit. Caitheadh €3.316m san iomlán ar ghnáthchothabháil agus ar fholúntais ócáideacha.

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar Pholasaí Cothabhála na Comhairle le linn 2015, agus ina dhiaidh glacadh le polasaí athbhreithnithe.

Beidh an polasaí athbhreithnithe ionchorpraithe i Lámhleabhar Tionóntaí nuashonraithe lena fhoilsiú i 2016.

## Miondealú Aonad Tithíochta

Aonaid Chaighdeánacha Údarás Áitiúil	4,606
In-díghléasta	33
Léas Fadtéarma (Príobháideach)	177
Iomlán	4,816

## An Stoc Tithíochta Sóisialta a Fheabhsú

Rinne an Chomhairle feabhsuithe ar an stoc tithíochta sóisialta faoi chuid clár mar a leanar amach thíos:

- **Clár Uasghrádaithe Creatlaí**  
Rinneadh oibreacha feabhsaithe ar níos mó ná 350 áit chónaithe in 2015, le cuidiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, dar luach timpeall €800,000. Tá feabhsuithe déanta ar 1,200 aonad ar fad faoin chlár seo anois.
- **Áiteanna Cónaithe Folmha a Úsáid Arís**  
Thosaigh an Chomhairle baint úsáid thairbheach arís as 210 áit chónaithe in 2015 le cabhair i ndeontas arbh fhiú €1,003,576 í.  
  
Trí chur chuige dírithe, laghdaigh an Chomhairle an líon stoic fholaimh in 2015 ó 165 ag tús na bliana go dtí 138 ag deireadh na bliana.
- **Oibreacha Oiriúnaithe Aonuaire**  
Chaith an Chomhairle €327,000 ag déanamh oiriúnaithe oibreacha beaga ar 45 aonad dá stoc tithíochta sóisialta in 2015. Sa chuid is mó cásanna bhí seo faoi choinne tionóntaí a raibh riachtanais speisialta nó míchumais acu. Cé nach bhfuair an Chomhairle ach €211,676 de leithdháileadh ar dtús ón Roinn faoin chlár, de thoradh ar dhul chun cinn déanta méadaíodh seo go €294,669 ag deireadh na bliana.
- **Clár Athchóirithe Ghinearálta**  
Faoi chlár athchóirithe ghinearálta rinneadh obair ar níos mó ná 30 aonad arbh fhiú €136,732 í.

## Bainistíocht Eastáit

Is cuid thábhachtach ar an iomlán í Bainistíocht Eastáit i mórchomhthéacs bainistíochta tithíochta. Faoi láthair tá cúig Oifigeach Measúnaithe Tithíochta ag an Chomhairle i mbun an ról seo. Chomh maith le soláthar tuarastail, cuireadh níos mó ná €67,000 ar fáil faoi choinne tionscnaimh bhainistíochta eastáit.

## Deontais Tithíochta

Feidhmíonn an Chomhairle trí dheonta atá comh-mhaoinithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (80%) agus Comhairle Contae Dhún na nGall (20%). Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar leibhéal deontais faoi na scéimeanna deontais éagsúla i mí na Samhna 2015, agus ina dhiaidh sin chomhaontaigh an CPS Tithíochta & Corparáideach costálacha caighdeánacha athbhreithnithe ardaith go suntasach, le héifeacht ón 1 Nollaig 2015.

Cineál Deontais	Líon Deontas a Íocadh	Luach
Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine a bhfuil Míchumas acu	42	€134,588
Deontas Tithíochta d'Áiseanna Luaineachta	13	€18,500
Cuidiú Tithíochta do Dhaoine Breacaosta	67	€159,584

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Bliain ar bhliain bhí an Chomhairle seo, le tacaíocht an Aonaid Chóiríochta don Lucht Siúil sa Roinn, in ann réimse leathan cóiríocht nua agus feabhsuithe ar chóiríocht reatha a chur ar fáil do bhaill den Lucht Siúil. Cuireadh réimse tionscadal a bhaineann leis an Lucht Siúil go háirithe i gcrích in 2015, lena n-áirítear áit chónaithe in-díghléasta a sholáthar ar láithreán stad agus síneadh dhá urláir do theaghlach le cás plódaithe a réiteach. Tá siad seo sa bhreis ar na réitigh chóiríochta a cuireadh ar fáil le riar ar riachtanais an Luchta Siúil tríd an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta. Gné thábhachtach eile i soláthar cóiríochta do bhaill den Lucht Siúil i nDún na nGall ba ea ÍCT a thabhairt isteach le cuid teaghlach a cuireadh ar bun taobh istigh den scéim.

Freastalaíodh ar riachtanais 19 dteaghlach den Lucht Siúil in 2015 mar a leanas:

- 8 dTithíocht Scéime Caighdeánaí
- 1 Thithíocht Ghrúpa (oibreacha oiriúnaithe)
- 1 Léas Fadtéarma
- 1 Áit Chónaithe In-Díghléasta
- 2 Láithreán Stad Shealadacha
- 6 ÍCT

## Tithíocht Dheonach

Thar na blianta chuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall i ngleic le hEarnáil na gComhlachtaí Tithíochtaí Faofa agus an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte le cóiríocht a chur ar fáil faoin chlár seo le freastal ar riachtanais daoine breacaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Trí obair leitheadach idirghníomhaireachta leis an bhFeidhmeannacht Seirbhíse Sláinte, tá scéimeanna faoin Chlár Cabhrach Caipitil dírithe go sonrath le cóiríocht riachtanas speisialta a chur ar fáil sa chás nach dtugann na foirmeacha traidisiúnta tacaíochta do thithíocht shóisialta faoin riachtanas ar leith. Soláthraíodh 11 aonad ar fad faoin chlár seo in 2015 le hoibreacha ar siúl ar 6 aonad eile.

## Togra Léasaithe Tithíocht Shóisialta

Faoin Chlár Léasaithe, is féidir áiteanna cónaithe a léasú don údarás áitiúil ar feadh tréimhse deich mbliana. Léasadh 176 aonad ar fad faoi chlár seo go dáta, le 6 aonad curtha ar fáil in 2015.

Chomh maith le Léasú Príobháideach Fadtéarma, tá an Chomhairle seo ag dul i ngleic go gníomhach leis hEarnáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa i gcomhthéacs aonaid léasaithe faoin Áis Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (ALRC)/Scéim Comhaontaithe Íocaíochta & Infhaighteachta. In 2015 cuireadh 5 aonad ar fáil faoi ALRC agus cuireadh 17 n-aonad ar fáil faoin Scéim Comhaontaithe Íocaíochta & Infhaighteachta, agus b'ionann sin agus 56 aonad ar fad curtha ar léas ag an earnáil.

## Ionad Teagmhála Custaiméara

Láimhseáil an tIonad Teagmhála Custaiméara 87,300 glao le linn 2015, le 487 nglao ar an lá ba ghnóthaí. Pléadh le fiosruithe níos mó ná 38% (33,000) de na glaoiteoirí ag an chéad phointe teagmhála.

Freagraíodh níos mó na 55% de na glaonna taobh istigh de 20 soicind agus ba é an meánam freagartha 45 shoicind.

## Acmhainní Daonna

### Earcaíocht

D'fhulaing Comhairle Chontae Dhún na nGall laghdú suntasach san fhoireann le blianta beaga anuas. Ina ainneoin seo, lean an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar an réimse iomlán seirbhísí Baineadh seo amach trí shocruithe athbhreithnithe bainistíochta agus soláthair foirne agus níos mó solúbthachta ó fhostaithe ar gach leibhéal san eagraíocht, agus tá de thoradh air sin díbhinn táirgeachta shuntasach don Chomhairle.

Le linn 2015 d'earcaigh an Chomhairle níos mó ball foirne, an chéad uair le blianta beaga anuas ó tugadh isteach an moratóir ar earcaíocht. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag bainistiú ceisteanna foirne i gcomhpháirt agus i gcomhairle le heagrais ionadaíochta foirne.

### Oiliúint & Forbairt

Chuir an Chomhairle ar fáil arís Clár cuimsiheach Oiliúna do gach ball foirne, le béim ar leith ar Shláinte & Sábháilteacht. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag infheistiú go suntasach i bhForbairt Foirne tríd an Scéim Forbartha Foirne, agus tugadh cuidiú faoi choinne cúrsaí Diplóma, Céime & Máistir Ealaíon. Feabhsaíodh cumas na foirne chomh maith trí chur chuige athnuaite i leith athshannadh agus shoghluaiseacht foirne le blianta beaga anuas. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag rolladh amach Bainistíocht Feidhmíochta ar fud na heagraíochta agus forbrófar seo a thuilleadh le linn 2016.

## Leas na Foirne

Phléigh an tOifigeach Leasa Foirne le líon mór fiosruithe maidir le haoisliúntas agus pinsin, teidlíochtaí saoire, tinneas, méala agus fiosruithe eile níos pearsanta a bhaineann le saol na hoibre agus an bhaile Mar chuid den tseirbhís Leasa Foirne, soláthraíodh Clár Cúnaimh Fostaithe cuimsitheach. Tá a chuid seirbhísí saor in aisce do bhaill foirne aonair agus dá neasgholta. Cuireadh ar fáil tacaíochtaí éagsúla eile tríd an tSeirbhís Leasa Foirne, lena n-áirítear pleanáil scoir agus machnamh.

## An tSeirbhís Tréidliachta

Imríonn Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ról reachtúil comhairleach agus riaracháin ar nithe a bhaineann le sláinte phoiblí thréidliachta, úinéireacht fhreagrach ainmhithe, agus bainistíocht fhreagrach ainmhithe.

### Sláinte Phoiblí Thréidliachta


Faoi chonradh seirbhíse d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, soláthraíonn an Chomhairle an tseirbhís rialaithe reachtúil i seamlais a bhfuil tréachur íseal acu, ionaid maraithe éanlaithe ar fheirmeacha agus gnólachta próiseála feola sa chontae.

Bhí deich n-áitreabh faoi mhaoirseacht in 2015. Rinne cigirí tréidliachta cigireacht ar 6,795 ainmhí i 6 sheamlas áitiúla. Rinneadh 183 chigireachta rialaithe oifigiúla ar na háitribh go léir agus tógadh 198 sampla rialaithe.

### Rialú Ainmhithe

In 2015 eisíodh 11 cheadúnas madaidh ghinearálta, 7 gceadúnas madaidh saoil agus 7,945 cheadúnas madaidh aonair.

Rinneadh cigireacht ar sheacht n-áitreabh faoin Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí. Tugadh 346 mhadadh ar ais dá n-úinéirí nó tugtha d'úinéir eile iad trí Dhídean Madadh. Tuairiscíodh dhá chapall agus caoga ar strae don Chomhairle in 2015, agus cuireadh deich gcinn acu i bpóna.



## Seirbhísí Cultúrtha

Príomhréimse oibre don Chomhairle is ea cosaint, cur i láthair agus cur chun cinn cultúir thraidisiúnta agus comhaimseartha. Is é misean Rannóg Cultúir Thiomnaithe na Comhairle an saol a shaibhriú, ár gciall don fhéiniúlacht a fheabhsú, deiseanna cultúrtha agus sóisialta a mhéadú agus oidhreacht chultúrtha a chaomhnú do ghlúine an lae inniu agus amach anseo trí sheirbhísí leabharlainne, Ealaíon agus Oidhreachta a fhorbairt.

Bliain rathúil eile do Sheirbhísí Cultúrtha ab ea 2015.

## Seirbhís Leabharlainne

Tugadh ar iasacht níos mó ná 330,000 leabhar ar fud líonra leabharlann ar fud an Chontae, a chuir ar fáil den chéad uair ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair agus ríomhírisí, taobh le seirbhísí reatha ar líne mar ríomhnuachtáin agus foinsí tagartha ar líne. Cuireadh isteach dhá bhoth Aitheantais Minicíochta Radió (AMR) isteach ag an Lárleabharlann agus tá siad in úsáid i rith an amach ag daoine fásta agus ag leanaí araon.

Chláraigh beagnach 1500 leanbh sa Chlár Léitheoireachta Samhraidh, gné amháin de chlár forbartha léitheoireachta bliana, lena n-áirítear Cath na Leabhar, Bookworm Babies, Ag Léamh le Chéile, agus a lán gníomhaíochtaí saincheaptha eile. Go náisiúnta, lainseáladh an clár Right to Read i Meán Fómhair, agus beidh na húdarais leabharlainne go léir, Dún na nGall san áireamh, páirteach ann, i gcur chuige comhordaithe i leith fhorbairt na litearthachta agus na léitheoireachta, i gcomhpháirtíocht le gníomhaíochtaí áitiúla agus pobail eile.

## Ionaid Eolais Dhírighe Eorpacha

Bhí bliain ghnóthach ag na hIonaid Eolais Dhírighe Eorpacha, atá curtha ar fáil ag an tSeirbhís Phoiblí Leabharlainne, in 2015 le 9,000 cuairteoir, 1400 fiosrú agus 133 imeacht. Lainseáil an tSeirbhís Leabharlainne pointe Eolais Comhshaoil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus féachann sí le seirbhísí eolais comhshaoil a dhéanamh níos fusa a rochtain.



## Féilte



Lainseáil Bhealtaine 2015

Sa chlár leitheadach féilte bhí buaicphointí, leithéid Sheachtain na Gaeilge, Féile na Bealtaine (ag ceiliúradh cruthaíochta i ndaoine breacaosta), Wainfest (Féile Ealaíon agus Leabhar do leanaí), Féile Bhá Dhún na nGall agus na gCruach Gorm (5,000 duine), Féile Lughnasa Idirnáisiúnta Friel, Oíche Chultúir (4,400 cuairt ar 22 áis chultúrtha), Féile Dhamhsa Aeir na hÉireann, Tionscadal Carnabhail Bhéal Átha Seanaidh (atá anois ina 15ú bliain), Seachtain Bhróid an Luchta Siúil agus Féile Ealaíon an Eargail, a d'oibrigh, i measc imeachtaí eile, le Fáilte Ireland le beocht a chur i Slí Fhiáin an Atlantaigh i nDún na nGall le clár dátheangach imeachtaí ealaíne agus cultúrtha.





Wainfest 2015

## READ DL

Tá rannpháirtíocht agus forbairt pobail ina gcuid suntasach d'obair Seirbhísí Cultúrtha. In 2015 ainmníodh an clár READ DL, atá ina gluaiseacht chosmhuintire léitheoireachta leis an oiread daoine agus is féidir a fháil ag léamh an údair chéanna ag an am chéanna agus is féidir, ainmníodh é faoi choinne Dhámhachtain LAMA. Tá catalóg de leabhair ar ábhair a bhaineann le meabhairshláinte tiomsaithe ag an tSeirbhís Leabharlainne chomh maith. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i gcomhpháirtíocht le Jigsaw Donegal agus fuair sé tacaíocht ón FSS agus an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Tá ábhar mar bhainistíocht struis, imní, dúlagar, uaigneas, neamhoird itheacháin, agus andúil san áireamh sa bhailiúchán.

## Seirbhís Ealaíon

Ceann de na ról is tábhachtaí de chuid na Seirbhíse Ealaíon is ea cruthú agus cur i láthair saothar nua ealaíne a spreagadh sa chontae agus d'oibrigh an tseirbhís i gcomhpháirtíocht le dreamanna eile le tacú le seacht léiriú amharclannaíochta a stáisiú. Chuidigh an tSeirbhís Ealaíon chomh maith le Little John Nee a chéad dlúthdhiosca a thaifeadh agus a eisiúint, amhráin ó Dheilt Loch Súilí, a lainseáil an Cathaoirleach, an Clr. John Campbell, san Ionad Cultúrtha Réigiúnach. Ar an dlúthdhiosca tá a lán amhrán a fuair coimisiún nó cuidiú ón Chomhairle ó 1999-2014.

Lean an chomhpháirtíocht idirnáisiúnta EDGES (Dún na nGall, an Íoslainn Thoir agus Vesterålen san Iorua) ar aghaidh le clár gnóthach in 2015 agus mar chuid de bhí iarratas ar an Eorpa Chruthaitheach faoi choinne sraith Cónaitheachtaí Ealaíne sna réigiúin chomhpháirtíochta idir 2016-18.

Tá an Chomhairle tiomanta go daingean dá tacaíocht leanúnach agus dá caidreamh le hAmharclann An Grianána agus Féile Ealaíon an Eargail, a bhfuil a gcuid oibre a bhfuil aird náisiúnta uirthi, idir leagan amach cruthaitheach cláir agus choimisiúnú saothar nua, ina gcuid shuntasach de thírdhreach cultúrtha Chontae Dhún na nGall i gcónaí. Le linn 2015 rinneadh obair thógála riachtanach agus cuireadh díon úr ar an amharclann agus cuireadh doras éalaithe éigeandála amach ann.

## Ionad Cultúrtha Réigiúnach

Tá an tIonad Cultúrtha Réigiúnach ar cheann de na háiseanna ealaíon is breátha in Éirinn agus leanadh ar aghaidh ag coimisiúnú agus ag taispeáint mórthaispeántais ealaíon Éireannacha agus idirnáisiúnta in 2015. I measc na mbuaicphointí bhí trí thaispeántas aonair nua le healaíontóirí ó Dhún na nGall, Omar Yashruti, Orla McHardy agus Marie Barrett. Chuir an coimeádaí cónaithe a fhaigheann tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon, Éilís Lavelle, an dara agus an tríú ceann i láthair. Chomh maith leis sin bhí trí mhórthaispeántas grúpa ann in 2015 in raibh Artists, Still, We Work agus Remote Group Show. Lean an tIonad Cultúrtha Réigiúnach ar aghaidh lena chlár forbartha ceoil i gcomhpháirtíocht le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall agus Féile Ealaíon an Earagail in 2015, agus chuir siad i láthair clár a mhair bliana de beagnach 30 ceolchoirm náisiúnta agus idirnáisiúnta de cheol clasaiceach, tíre agus neamhspleách.

## Músaem Chontae Dhún na nGall & an tSeirbhís Cartlainne Contae

Tríd an tSeirbhís Músaem agus an tSeirbhís Cartlainne, caomhnaíonn agus ceiliúránn Comhairle Contae Dhún na nGall comhchuímhne an chontae agus a cuid pobal trí nithe agus taifid a bhaineann le stair Dhún na nGall a bhailiú, a chatalógú, a chaomhnú, a thaispeáint agus a léirmhíniú. In 2015 d'oibrigh an Músaem go dlúth le Músaem na Breataine le iasacht Chlog agus Scrín Naomh Conall Cael a éascú, a mheastar a bheith i measc bhuaicphointí bhailiúcháin Músaem na Breataine agus nár cuireadh ar taispeántas go poiblí in Éirinn riamh. Tharraing a Chlog agus an Scrín, agus a dtaispeántas i bPort

Nua go háirithe, aird na meán, le RTÉ, TG4, UTV, agus PBS i SAM ina measc.

Chomhoibrigh an Rannóg Cartlainne i ndéanamh cuid clár faisnéis teilifíse, lena n-áirítear Tríd an Lionsa, Stetsons & Stiletos agus Ireland's Rising.




*Ag breathnú ar Chlog agus Scrín Naomh Conall Cael nuair a bhí siad ar cuairt i Músaem an Chontae*

Tá baill foirne Seirbhísí Cultúrtha páirteach go díreach sa straitéis náisiúnta agus in oiliúint agus in 2015 chuir siad le forbairt Chultúr 2025. Cuireadh páipéir bunaithe ar bhailiúcháin, eispéiris agus foghlaim Dhún na nGall i láthair ag Comhdháil Chumann Cartlann agus Taifead na hÉireann agus ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, idir eile. Níos áitiúla, bhí páirt ghníomhach againn i bhforbairt an Phlean Aitiúil Geilleagrach agus Pobail, Plean Corparáideach na Comhairle, Straitéis Éascaíochta Dhún na nGall, Connecting for Life Donegal, agus an Plean Gníomhaíochta Straitéisí faoi choinne Fiontraíocht a chruthú do Dhún na nGall.

### **Dún na nGall 2016**

Bliain ghnóthach a bhí in 2015 do na himeachtaí cuimhneacháin ar 1916 le 7 gcomhairliúcháin phoiblí óstaithe agus an Bainisteoir Rannóige ag glacadh le ról an Chomhordaitheora Contae.



Lainseáladh céad chlár Dhún na nGall ar an 8 Deireadh Fómhair agus bhí sé méadaithe go mór faoi dheireadh na bliana. Fuair Músaem an Chontae maoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i dtreo taispeántas a fhorbairt leis an chéad a chomórath agus fuair Oifig na gCartlann maoiniú ón Chomhairle Oidhreacht i dtreo thaighde, thiomsú agus chló 5000 cóip de Phacáiste Staire agus Oidhreacht Dhún na nGall, Chontae Dhún na nGall in 1916: Ón Imeach, a lainseálfar agus a scaipfear i dtús 2016.

Is gné dhinimiciúil agus thábhachtach de chroí-obair Chomhairle Chontae Dhún na nGall iad Seirbhísí Cultúrtha agus tugann siad aitheantas don tacaíocht leanúnach ríluachmhar óna maoinitheoirí iomadúla éagsúla, nárbh fhéidir na tionscadail agus na cláir a gcuirtear síos orthu thuas a dhéanamh in uireasa a gcabhrach.

### **Brian Friel (1929 – 2015)**

Is le brón a chuimhnímid ar imeacht Brian Friel. Drámadóir casta, duine daonnúil amach, crann taca caoimh lenár gcuid oibre agus Daidí ár gcomhghleacaí David.

Trína scríbhneoireacht álainn iontach thug sé Éire agus go háirithe ár nDún na nGall ionúin don domhan.



*Brian Friel nach maireann*

**Tuairisc ó Joe Peoples,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

# Airgeadas, Córais Faisnéise & Seirbhísí Éigeandála

## Seirbhís Dóiteáin

Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall, mar Údarás Dóiteáin don Chontae, ar aghaidh ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna oibríochtúla agus sábháilteachta dóiteáin.

Tá an tseirbhís oibríochtúil á cur ar fáil ag 15 Bhriogáid Dóiteáin Choinnithe, ag aonaid dheonacha ar Oileán Árann Mhór agus ar Oileán Thoraigh agus ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Thuaisceart Éireann a thugann an tseirbhís oibríochtúil do chodanna sainithe den Chontae, go príomha i gceantar Cheann an Droichid agus Leifir. Tugann Comhairle Contae Dhún na nGall an tseirbhís oibríochtúil chomh maith do chodanna de Liatroim agus de Shligeach.

Bhí 797 dteagmhas sa Chontae in 2015 a d'éiligh freagairt ón bhriogáid dóiteáin. 10.80% de mhéadú a bhí anseo i gcomparáid le 2014. Chlúdaigh na teagmhais seo réimse tarlúintí, a raibh tinte, imbhualtí bóthair, tuilte agus seirbhísí speisialta eile ina measc. Chuaigh briogáidí Dhún na nGall amach ar 886 uair, le glaonna go contaetha Fhear Manach, Liatroma agus Shligigh san áireamh.

Le linn Shamhain agus Nollaig 2015 d'fhreagair an tseirbhís dóiteáin ar theagmhais éagsúla a tharla mar gheall ar na stoirmeacha Abigail agus Desmond agus bhí teagmhais tuilte fostáisiúin ann ina lán áiteanna ar fud an chontae.

Le hullmhacht oibríochtúil a choinneáil, lean an tSeirbhís Dóiteáin ar aghaidh ag forbairt agus ag rolladh amach a cuid clár oiliúna. De thoradh air seo athraíodh go hoiliúint atá bunaithe ar Threoir Oibríochtúil Chaighdeánach ag an druileáil dhá uair sa mhí i ngach Stáisiún Dóiteáin Coinnithe.

## Buaicphointí 2015

- **15** Bhriogáid Dóiteáin choinnithe agus **2** bhriogáid dheonacha
- **797** dteagmhas a d'éiligh freagairt ón Bhriogáid Dóiteáin in 2015
- Freastalaíonn bonneagar TF na Comhairle ar **106** In-áit ar fud an chontae
- Aip Go Visit Donegal lainseáilte
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall forbartha
- **6,000** taitneamh Facebook agus **4,700** leantóir Twitter
- **26,000** íocaíocht so sholáthróirí ar son earraí agus seirbhísí
- **5,467** n-áitreabh tráchtála i nDún na nGall
- **€31.2m** réileamh rátaí eisithe agus **€24.7m** cballithe, €8.2m díscríofa
- **5,333** chuntas cíosa tithíochta agus **€10.85m** de chíos san iomlán bailithe
- **€2m** d'íocaíochta ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha bailithe in 2015
- Tá **91** óglach ag Cosaint Shibhialta Dhún na nGall, **37** mbean agus **54** fhear
- Thug Cosaint Shibhialta Dhún na nGall cuidiú do **49** n-imeacht pobail neamhéigeandála, ag tabhairt **2,772** dhaonúair dheonacha
- Roghnaíodh Dún na nGall mar **1** cheann amháin de na **8** gcondae ar fud na tíre faoi choinne rolladh amach Remotely Piloted Aircraft systems (Dróin)

I measc na bhfeidhmeanna sábháilteachta dóiteáin tá próiseáil iarratas ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin, cigireachtaí foirgneamh lena n-áirítear cigireachtaí faoi alt 24 de na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 agus iarratais ar cheadúnais faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972.



Bhí 23.18% de mhéadú i líon na n-iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin in 2015.



*Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall*

Lean an clár trí bliana le háiseanna leasa a fheabhsú ag stáisiúin dóiteáin Bhéal Átha Seanaidh, Bhun Dobhráin agus Ghleann Cholm Cille ar aghaidh in 2015 agus táthar ag súil leis bheith críochnaithe in 2016.

## Mórfhleanáil Éigeandála

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag glacadh páirte lena comhghníomhaireachtaí Príomhfhreagairte i ngníomhaíochtaí pleanála agus oiliúna eagraithe ag Grúpa Oibre Réigiún an Iarthuaiscirt. Lean comhoibriú, comhordú agus socruithe freagairte idir na gníomhaireachtaí éagsúla ag forbairt, mar a bhí le feiceáil sa rannpháirtíocht in *Exercise Recovery* a bhí ar siúl i nDún na nGall in 2015.

## Cosaint Shibhialta

Lean Cosaint Shibhialta Dhún na nGall lena 91 shaorálaí (37 mbean, 54 fhear), ag tabhairt tacaíochta do na Gníomhaireachta Príomhfhreagairte agus chuidigh siad le pobail áitiúla i ngníomhaíochtaí neamhéigeandála.

In 2015 thug Cosaint Shibhialta cabhair phobail do 49 n-imeacht neamhéigeandála, mar ar thug siad 2772 daonair dheonach le clúdach otharchairr agus garchabhrach agus dualgais sábháilteachta uisce do réimse imeachtaí lena n-áirítear Féilte Pobail, Imeachtaí Spóirt, Teacht Abhaile Fhoireann Dhún na nGall, agus an ócáid an Dorchadas isteach sa tSolais.

Chuidigh Cosaint Shibhialta chomh maith le FSS le haistrithe othair 6 huaire in 2015 agus chuidigh siad leis an Gharda Síochána sa chuardach 8 lá faoi choinne duine ar iarraidh i gceantar dTeilinn i nDún na nGall, mar ar chuir Cosaint Shibhialta lucht cuardaigh, báid agus iompar ar fáil.

Le linn mhí na Samhna agus na Nollag d'fhreagair Cosaint Shibhialta ar theagmhais éagsúla mar gheall ar na stoirmeacha Abigail agus Desmond, lena n-áirítear uisce tuilte a chaidéal, málaí gainimh a sholáthar, daoine a tharrtháil ó charranna gaibhte, beostoc a tharrtháil agus daoine a aslonnú.

Fuarthas €20,000 le hotharcharr 4 WD Land Cruiser agus roghnaíodh Dún na nGall mar 1 amháin de na 8 gcondae ar fud na tíre faoi choinne rolladh amach Remotely Piloted Aircraft systems (Dróin)

Lean Cosaint Shibhialta ar aghaidh ag forbairt agus ag rolladh amach a chlár oiliúna i réimsí lena n-áirítear Céadfhreagairt Chairdiach agus Garchabhair Ghairme, Chéadfhreagróir Éigeandála, Oibritheoir Cuardaigh, Chéadfhreagróirí uisce agus tuilte Swift agus Monatóireacht Radaíochta.

Tharla an Cleachtadh Oiliúna Contae i Srath an Urláir Dé Domhnaigh an 1 Samhain le 56 shaorálaí ag freastal.



*Cosaint Shibhialta le linn Stoirm Desmond*

## Córais Faisnéise

Freastalaíonn bonneagar teicneolaíochta faisnéise na Comhairle ar 106 láthair ar fud na



tíre agus tá sé ar cheann de na líonraí údaráis áitiúil is mó in Éirinn.

San infreastruchtúr tá

- 77 bhfreastalaí,
- 1,200 ríomhaire barr deisce & ríomhaire glúine
- 600 Printéir/Scanóir/Breacaire
- 17 gCóras Gutháin PABX
- 900 Guthán Láimhe

Chomh maith leis an bhonneagar TFC, déantar réimse leathan córas gnó Comhairle a bhainistiú ar bhonn laethúil.

Thug Plean Corparáideach na Comhairle 2015-2019 comhthéacs áitiúil luachmhar ar fáil faoi choinne pleanáil oibríochtúil I.S. a bhí socruithe le tacú lena chuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha. Feidhmíthe nua córais, lena n-áirítear córais faoi choinne Bainistíochta Fíneálacha Páirceála, Cothabháil Tithíochta, Bainistíocht Flít agus Cruinnithe Leictreonacha. Forbraíodh Aip Turasóireachta Contae do ghutháin phóca le húsáid leis an tsuíomh gréasáin [www.govisitdonegal.com](http://www.govisitdonegal.com).



Tá Tairseach Mapála Gréasáin na Comhairle ag forbairt leis agus tugann sé mapáil ar fáil ar réimse leathan téamaí lena n-áirítear aimsir gheimhridh, seirbhísí poiblí agus féilte.

Thacaigh córais faisnéise bunú na hOifige Bainistíochta Bóithre Náisiúnta le cuidiú ag cruthú agus ag cothabháil láithreach ar líne, chomh maith lena riachtanais oibríochtúla líonra agus cumarsáide a éascú.

Lean rannpháirtíocht ar aghaidh tríd an líonra ERNACT [www.ernact.eu](http://www.ernact.eu) do mholtáí a thacaíonn leis an



chlár oibre TFC inmheánach chomh maith le mórstraitéisí teileachumarsáide agus geilleagair dhigitigh do Chontae Dhún na nGall. Lainseáladh an tionscadal IMPROVE i Leitir Ceanainn i mí an Mheithimh ag díriú ar sheirbhísí poiblí feabhsaithe agus béim áitiúil ar leith ar thacú leis an phróiseas réamhphleanála.

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta Digiteach Dhún na nGall in 2015 agus sainaithníonn sé réimse gníomhaíochtaí le cuidiú le cruthú post, le cuidiú ó Theicneolaíochtaí Digiteacha. Faigheann an tionscnamh trasghníomhaíochta seo tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, IDA, Údarás na Gaeltachta, Fáilte Ireland, ERNACT, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Pramerica Systems Ireland, agus tá sé á chomhordú ag Ceannasaí Córas Faisnéise de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall.

#### **Oifig Cumarsáide**

Is é ról Oifig Cumarsáide na Comhairle dul i ngleic go gníomhach leis na meáin le cumarsáid éifeachtach a chinntiú leis an phobal.

Cuireann an Oifig Cumarsáide ar fáil seirbhís fiosruithe ar fáil do na meáin, eisíonn siad ráiteas oifigiúil do na meáin, cuireann siad chun cinn seirbhísí agus gníomhaíochtaí na Comhairle trí réimse ardán agus éascaíonn siad idirghníomhú idir an eagraíocht agus na meáin.

In 2015 eisíodh níos mó ná 240 preaseisiúint agus nuashonrú nuachta do na meáin ar an réimse leathan seirbhísí agus gníomhaíochtaí déanta ag an Chomhairle agus próiseáladh timpeall 600 fiosrú ó nuachtáin.

Le níos mó ná 6,000 Taitneamh Leathanaigh ar Facebook agus 10,000 de mheánrochtain sheachtainiúil ag ár bpostálacha, 4,700 leantóir ar Twitter, lean ardán meán sóisialta agus ar líne na Comhairle ar aghaidh ag imirt ról tábhachtach ag dul i ndáil lenár gcustaiméirí.

Leanann an tOifigeach Cumarsáide ar aghaidh ag obair go dlúth le meáin áitiúla chló, chraolta agus ar líne, ag cur in iúl teachtaireachtaí tábhachtacha ón Chomhairle don phobal i gcoitinne.

In 2015 bhí glac an Oifig Cumarsáide ról ceannasach ag comhordú, ag ullmhú agus ag foilsiú Phlean Corparáideach na Comhairle 2015-2019, a leagann amach treoir straitéiseach don eagraíocht thar shaolré na Comhairle.

## Cuntais Bhainistíochta

Tá príomhfhreagracht ag Rannóg na gCuntas Bainistíochta as ullmhú, bainistíocht agus maoirseacht ar an Bhuiséad Ioncaim Bliantúil agus as an Bhuiséad Caipitil Rollach trí bliana.


### Buiséad Ioncaim Bliantúil

Ghlac na Comhaltaí Tofa le Buiséad Ioncaim 2015 ar an 18 Samhain 2014 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil (mar a leasaíodh) 2001 agus taobh istigh den tréimhse atá leagtha síos ag an Aire Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

### Clár Caipitil

Ullmhaíodh Buiséad Caipitil 2015 – 2017 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh, agus bhreithnigh na Comhaltaí Tofa é ag an Chruinniú Comhairle ar an 30 Márta 2015.

Tá an Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach chomh maith as Tuairisceáin ráithiúla AE/CIA a ullmhú agus a chur isteach, agus tuairisceáin reachtúla eile ar bhonn tréimhsiúil. Chomhordaigh Rannóg na gCuntas Bainistíochta aighneacht na Comhairle faoin Chód Caiteachais Phoiblí, a críochnaíodh faoin spriocdháta, an 30 Meán Fómhair 2015.



I measc rudá eile, bainistíonn Rannóg na gCuntas Bainistíochta Leabhar Árachais na Comhairle, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Leibhéil Seirbhíse le hUisce Éireann agus na nithe buiséadacha ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

## Cuntais Airgeadais & Córais Faisnéise Airgeadais

D'imir an rannóg seo den Chomhairle i gcónaí ról ríthábhachtach i réimse feidhmeanna bainistíochta airgeadais don eagraíocht in 2015.

### Ráiteas Airgeadais Bliantúil & Iniúchadh

Le linn R1 2015, ullmhaíodh cuntais Bhliantúla 2014 na Comhairle. Cuireadh iad seo i láthair na Comhairle lena mbreithniú i mí Aibreáin 2015. Chuir an tSeirbhís Iniúcháireachta do Rialtas Áitiúil Iniúchadh na gcuntas seo i gcrích le linn R2 2015 agus, i ndiaidh breithniú ag an Choiste Iniúcháireachta, tuairiscíodh don Chomhairle iad i Meitheamh 2015.

### Cuntasaíocht Airgeadais

I measc seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn 2015 bhí asbhaint reachtúil riachtanach agus riachtanais tuairiscithe i réimsí cánachais éagsúla chomh maith le feidhmiú inmheánach próiseas lena chinntiú go raibh gach réimse

cuntas iníochta agus párolla bainistithe agus curtha ar fáil ar bhealach a léiríonn riachtanais gach páirtí Leasmhair.

### **Gníomhaíochtaí idirbheartaíochta**

Rinneadh níos mó ná 26,000 íocaíochtaí le soláthraithe maidir le hearraí agus seirbhísí a cuireadh ar fáil don Chomhairle a idirbheartú le linn 2015, chomh maith le níos mó ná 40,000 íocaíocht ar chóras párolla na Comhairle, ag léiriú go carnach íocaíochtaí níos mó ná €165,000,000 le linn 2015.

Chuir an rannóg ar fáil chomh maith réimse feidhmeanna criticiúla lena n-áirítear soláthar comhairle dlí ar ghníomhaíochtaí ábhartha, tionscadail speisialta a fhorbairt i réimsí lena mbaineann Uisce Éireann, My pay, Core, bainistíocht Sócmhainní Seasta & Cistíochta.

### **Bainistíocht Féichiúnaithe**

Tá billeáil chórasach agus bailiú sruthanna éagsúla ioncaim ríthábhachtach don Chomhairle lena chinntiú go bhfuil airgead imleor ar láimh i rith na bliana le leanúint ar aghaidh ag íoc as earraí agus seirbhísí. Bhí fabhrúithe os cionn €45 milliún dlite le linn 2015 lena mbailiú le chuig an rannóg bainistíochta Féichiúnaithe.

### **Rátaí Tráchtála**

Eisíodh éileamh rátaí ón Chomhairle ar 5,467 n-áitreabh tráchtála. Is cáin mhaoine iad rátaí atá iníochta ar mhaoin tráchtála.

Is é luach iomlán na n-éileamh a eisíodh in 2015 €31,235,516. Bailíodh €24,716,771 agus díscríobhadh €8,221,746. Sa tsuim a díscríobhadh tá os cionn €4m nach raibh dlite lena bhailiú mar bhí an t-áitreabh tráchtála folamh le linn na bliana.

Úsáidtear na rátaí a bhailítear sa Chontae gach bliain le buiséad bliantúil na Comhairle a mhaoiniú leis na seirbhísí sa chontae a sholáthar agus a chothabháil. In 2015 maoiniú 22% de bhuiséad bliantúil na Comhairle ó rátaí agus ó chíos tráchtála a bailíodh.

### **Cíos Tithíochta**

Feidhmíonn an Chomhairle scéim cíosa difreálaigh agus tá an cíos atá iníochta bunaithe ar ioncam an tí. In 2015 ba é an cíos iomlán a bailíodh €10,850,526.

Monatóiríonn agus leanann an Chomhairle cuntais custaiméirí ar bhonn leanúnach agus spreagann siad tionóntaí a gcíos a íoc trí bhuiséad tí, a bhaineann an íocaíocht cíosa ag foinse. Spreagtar modhanna eile íocaíochta, lena n-áirítear dochar díreach agus ordú seasta. Tá oifigí ag an Chomhairle inár gCeantair Bhardasacha le híocaíochtaí a éascú ag ár n-oifigí airgid agus le tionóntaí a éascú le bualadh le bail foirne maidir lena gcuntas cíosa.

### **Iasachtaí Tithíochta**

Tá 557 gcuntas iasachta ghníomhacha ag an Chomhairle faoi láthair. Is é an méid iomlán atá dlite do na hiasachtaí seo in 2015 €2,029,202. Ba é an mheán-aisíocaíocht mhíosúil €299.68.

Bhí deacrachtaí airgeadais ag cuid iasachtaithe agus iad ag déanamh a n-aisíocaíochtaí míosúla. Sna cásanna seo is féidir leis an Chomhairle roghanna a thabhairt d'iasachtaithe faoi Phróiseas Réitithe Riaráistí Morgáiste (PRRM). I measc roghanna mar seo is féidir an aisíocaíocht mhíosúil a laghdú ar feadh tréimhse ama. Má mheastar nach mbeidh an morgáiste inbhuanaithe choíche, agus faoi réir coinníollacha áirithe, is féidir leis an Chomhairle Scéim Morgáiste go Cíos an Údaráis Áitiúil a thairiscint don iasachtaí. Sna cásanna seo, tugann an t-iasachtaí uaidh an áit chónaithe don Chomhairle agus is tionónta feasta é. Déantar socrú, de réir na scéime, le plé leis an fhiach neamhíochta.

### **Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha**

Tugadh an Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (ÍÁCPN) isteach in 2009 agus tá sí iníochta ar áit chónaithe nach í príomháit chónaithe an úinéara. Cuirean an Cháin Mhaoine Áitiúil ina háit in 2013.

Ach tá an ÍÁCPN iníochta go fóill do na blianta 2009 – 2013 má bhí sí dlite ach gan a bheith íochta sna blianta seo. In 2015 ba é líon na n-áiteanna cónaithe a bhí cláraithe don íocaíocht 17,196. Is é an íocaíocht reatha do na cúig bliana seo go léir, le híocaíochtaí pionóis moille san áireamh, €7,230. In 2015

bailíodh beagnach €2 i leith na híocaíochta seo.

### **Luach ar Airgead, Ceannach & Soláthar**

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag athbhreithniú caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí i réimse leathan ceanteideal, le tionscnaimh a rinneadh cheana a mhonatóiriú agus le tuilleadh deiseanna a aithint le coigiltis chostais agus luach níos mó ar airgead a bhaint amach. Fuair seo tacaíocht ó mhaoriseacht agus ó threoir Choiste Luach ar Airgead na Comhairle (LAA).

Mar chuid d'athchóiriú leanúnach an tsoláthair náisiúnta tá an Chomhairle ag úsáid níos mó

conarthaí náisiúnta agus comhaontuithe creata. Mar gheall ar shocruithe náisiúnta mar seo cinntítear go gcloítear le rialacha agus rialacháin soláthair phoiblí, agus sa chuid is mó cásanna, tugann sin luach ar airgead níos fearr ná mar a bhainfeadh an Chomhairle amach as a stuaim féin.

Tugadh oiliúint chomh maith do bhaill foirne ar na socruithe athbhreithnithe do chonarthaí oibreacha poiblí atá dlite le teacht in éifeacht in Aibreán 2016.



**RÁITEAS AR SHEASAMH AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AG AN 31 NOLLAIG  
2015 (Gan a bheith iniúchta)**


	2015	2014
	€	€
<b>Sócmhainní Seasta agus Obair idir Lámha</b>	3,469,161,654	3,464,219,250
<b>Féichiúnaithe Fadtéarma</b>	76,726,118	80,452,123
<b>Sócmhainní Reatha Glana / (Dliteanais)</b>	<u>27,658,289</u>	<u>28,442,621</u>
Creidiúnaithe Fadtéarma	<u>(143,129,167)</u>	<u>148,437,710</u>
<b>Sócmhainní Glana</b>	<u>3,430,416,894</u>	<u>3,424,676,283</u>
Arna mhaoiniú ag: Obair idir Lámha agus Cuntas Caipitlithe	3,468,754,151	3,462,832,615
Cúltaca Ioncaim ar Leith	3,374,679	3,374,679
Cúltaca Ioncaim Ginearálta	(14,345,654)	(14,966,588)
Comharduithe Eile	(27,366,282)	(26,564,422)
<b>Cúltacaí Iomlána</b>	<u><u>3,430,416,894</u></u>	<u><u>3,424,676,283</u></u>

## RÁITEAS AR CHUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS

### DON BHLIAIN DÁR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015 (gan a bheith iniúchta)


	Ollchaiteachas	Ioncam	Costas Glan
	2015	2015	2015
	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	15,532,959	17,670,308	(2,137,349)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	39,528,552	24,860,894	14,667,658
Seirbhísí Uisce	18,283,567	17,798,845	484,722
Bainistiú Athraithe	10,256,357	2,071,623	8,184,733
Seirbhísí Comhshaoil	11,595,799	1,368,804	10,226,994
Áineas agus Conláiste	7,363,759	1,002,619	6,361,139
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	2,900,777	1,460,388	1,440,389
Seirbhísí Ilghnéitheacha	22,449,017	11,107,161	11,341,857
<b>Caiteachas iomlán/Ioncam</b>	<b>127,910,785</b>	<b>77,340,642</b>	
Costas glan Rannóga le maoiniú ó <b>Rátaí, Ciste Rialtais Áitiúil &amp; Asbhaint a Bhaineann le Pinsean</b>			50,570,143
Ioncam Rátaí			31,022,480
Ciste Rialtais Áitiúil – Ioncam Deontais			22,720,760
Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean (ABP)			2,390,307
<b>Aistrithe Glana (chuig) Cúltaí</b>			(4,942,469)
<b>Barrachas Iomlán don Bhliain</b>			<b>620,934</b>
<b>Cúlta Ginearálta @ an 1 Eanáir 2015</b>			(14,966,588)
<b>Cúlta Ginearálta @ an 31 Mollaig 2015</b>			<b>(14,345,654)</b>

**Caiteachas iomlán 2014 – 2015  
Ioncam & Caipiteal (€'000)**



*Nóta: Cuimsíonn na figiúirí seo aistrithe chuig/ó na cúltacaí*

## Caiteachas Ioncaim 2015 de réir Rannóige (€'000)



*Nóta: Cuimsíonn na figiúirí seo aistriú chuig/ó na cúltacaí*

**Tuairisc ó Garry Martin,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

# Bóithre & Caipiteal Tithíochta

## An Rannóg Bóithre Ceantair Bhardasaigh

Is é an buiséad foriomlán don Rannóg Bóithre Ceantair Bhardasaigh in 2015 €34m. Mhainigh an buiséad seo réimse oibreacha cothabhála riachtanacha ar ár líonra bóithre, lena n-áirítear cothabháil ghinearálta, neartú cosán, cothabháil droichead, leathadh grin sa gheimhreadh, oibreacha sábháilteachta ar chostas íseal, cothabháil páirceanna, scuabadh sráideanna agus carrpháirceáil.



*Oibreacha athchóirithe dromchla istioche ag timpeallán Dhroim Lonachair, Baile Dhún na nGall, leis an méid a chuirtear isteach ar thrácht a íoslaghdú.*

Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) €14.15 de mhaoiniú faoi choinne cothabháil athchóirithe agus feabhsú athchóirithe ar ár líonra bóithre neamhnáisiúnta. Lig an maoiniú seo dúinn timpeall 310km dár líonra a athdhromchlú nó a neartú.

Scéal mór ratha don tír ab ea Slí an Atlantaigh Fhiáin, a fhaigheann tacaíocht ó Fháilte Ireland, agus lean an Chomhairle ar aghaidh leis an áis seo i rith 2015.

## Buaicphointí 2015

- **310km** de líonra bóithre neamhnáisiúnta a fuair dromchla nua nó a neartaíodh
- **930km** de líonra bóithre ar leagadh grean orthu gach geimhreadh
- **€225,000** caite ar chothabháil leanúnach **9** ndroichead réigiúnacha agus **€264,500** ar **10** ndroichead áitiúla a neartú.
- Bronnadh an Dámhachtain um Shabháilteacht ar Bhóithre 2015 ar Chomhairle Contae Dhún na nGall agus fuair Seó Bóithre Sábháilte Dhún na nGall dámhachtain RSA Leading Lights in Road Safety 2015
- Laghduithe teorainneacha luais in **30** eastát tithíochta Comhairle
- Córas nua Bainistíochta Fuinnimh (EnMS) tugtha isteach
- Oifig Comhsheirbhíse Bainistíochta Bóithre curtha ar bun i nDún na nGall agus i gCorcaigh
- Clár Caipitil nua **6** bliana comhaontaithe
- Tógáil tosaithe ar Scéim Athlínithe **€8** milliún N15 Dhroichead Blackburn
- Tógáil tosaithe ar Thionscadal **€10** milliún N56 Chora Ghaoth Beara
- Ceadú agus **€3** milliún de mhaoiniú údaraithe le Droichead Chnoc an Choiligh, Bun Cranncha
- Ceadú agus maoiniú údaraithe le Droichead Mhullán Tí Uí Bhaoill, na Gleannta
- Ceadú agus **€2** milliún de mhaoiniú faofa le N56 go Timpeallán Chill Tuaidh, Leitir Ceanain
- Creidiúnú agus Deimhniú **ISO 9001**

Cuireadh pointí grianghrafadóireachta isteach ag gach ceann de Phointí Eolais SAF atá lonnaithe ar an bhealach. D'athdhromchlaigh an Chomhairle 24km den bhealach seo le linn na bliana chomh maith.

Tá Clár Leata Grin Geimhridh na Comhairle ar na cinn is leitheadaí sa tír agus leatar grean



ar 930km (14%) ár líonra bóithre de ghnáth gach geimhreadh. Ba é an costas ar leathadh grín geimhridh don bhliain féilire 2015 timpeall €1.6m.

D'éirigh leis an Chomhairle chomh maith le 2015 gealltanais a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS) faoi choinne dhá thionscadal droichid, Droichead Mhullán Tí Uí Bhaoill sna Gleanntaí agus Droichead Chnoc an Choiligh i mBun Cranncha.

Fuarthas maoiniú chomh maith leis an tionscadal leathnaithe bóthair Fhearainn na Coille ar an R245 idir Leitir Ceanainn agus Ráth Mealtain.

### **Speicis Choimhthíocha Ionracha**

Tá an speiceas coimhthíoch ionrach an Ghlúineach Bhiorach ag éirí níos trioblóidí ar fud na tíre. Thosaigh an Chomhairle tionscadal píolóta in 2015 le roghanna éagsúla faoi choinne plé leis an Ghlúineach Bhiorach. Táthar ag súil leis go mbeidh an píolóta seo ina bhun eolais do chlár díothaithe le tosú le linn 2016.

### **Teagmhas Aimsire Déine**

Bhí Dún na nGall buailte go dona ag tuilte i lár na Samhna agus ag tús na Nollag 2015. Baineadh feidhm as criúnna cothabhála bóithre na Comhairle le linn na dtréimhsí seo le bóithre a dhruidim, malairtí slí a chur ar bun, socrú a dhéanamh faoi choinne gainimh agus málaí gainimh, agus clábar agus smionagar a ghlanadh dár mbóithre i ndiaidh do na huiscí tuilte trá.

### **Rannóg na Seirbhísí Teicniúla Lárnacha**

Tá 4 roinn sa Rannóg Seirbhísí Teicniúla Lárnacha – Bainistíocht Áiseanna, Dearnadh Bóithre, Clós Innealra agus Stórais agus Tógáil Tithe (ag cuimsiú na Roinne Seirbhísí Ailtireachta).

Bliain rathúil eile a bhí in 2015 maidir le cothabháil leanúnach dhroichid an Chontae le €225,000 san iomlán ar 9 ndroichead réigiúnach bóthair agus €264,500 ar neartú droichead a caitheadh sna 10 ndroichead (lena n-áirítear aontú/leachtmhoirtéalú, ionadú iomlán de réir mar is gá). Rinneadh measúnú

struchtúrach ag Droichead Uí Mhaolaodhóg, Bealach Féich.



*Droichead Shrath, Inis Eoghain – ar a chríochnú*

### **Sábháilteacht ar Bhóithre**

Chríochnaigh an Fhoireann Deartha Sábháilteachta a Bhóithre measúnú agus dearadh ar a lán scéimeanna timpiste ar chostas íseal le sábháilteacht ar bhóithre agus forbraíodh scéimeanna HD15 ar Bhóithre Náisiúnta a thuilleadh a fhad is gur lean an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do Mheitheal Oibre Dhún na nGall ar Shábháilteacht ar Bhóithre (MODGSB) agus d'eagraigh an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre an Seó Sábháilteachta ar Bhóithre, atá ina imeacht bliantúil anois, i mí Dheireadh Fómhair do luchtanna féachana ina raibh timpeall 3,000 dalta.



*Seó Sábháilteachta ar Bhóithre Dhún na nGall os comhair 3,000 duine óg in 2015*

In 2015 gheall Donegal Daily tacú le Meitheal Oibre Dhún na nGall ar Shábháilteacht ar Bhóithre le leanúint ar aghaidh ag tarraingt airde ar shábháilteacht ar bhóithre mar ábhar tosaíochta ar a suíomh idirlín in iarracht cuidiú le teachtaireacht na sábháilteachta ar bhóithre a chur in iúl don phobal i gcoitinne. Comhaontaíodh socrú comhchosúil le suíomh

gréasáin Donegal Sports Hub. Tháinig CLG Dhún na nGall agus MODGSB le chéile arís le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn le comharthaí feasachta sábháilteachta ar bhóithre curtha ag Páirc Uí Dhónaill, Leitir Ceanainn, agus Páirc Mhic Cumhaill, Bealach Féich, ag cur chun cinn Sábháilteachta ar Bhóithre. Lean Cláirsí na Finne ar aghaidh ag tacú le Sábháilteacht ar Bhóithre tríd an chomórtas ealaíne Sábháilteachta ar Bhóithre do Bhunscoileanna.

Bhronn Iris na hEarnála Poiblí Dámhachtain Sábháilteachta ar Bhóithre 2015 sna Dámhachtainí Sármhaitheasa sa Ghnó.

Tá na Dámhachtainí 'Tús Cadhnaíochta sa tSábháilteacht ar Bhóithre' ar cheann de na hócáidí is tábhachtaí den bhliain, nó tugann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aitheantas dóibh siúd a chuidigh le bóithre níos sábháilte a bhaint amach. Bronnadh dámhachtain RSA 2015 ar thús cadhnaíochta i gcatagóir na Seirbhíse Poiblí ar Sheó Sábháilteachta ar Bhóithre Dhún na nGall.

### **Laghdú Teorainneacha Luais in Eastáit Tithíochta**

In 2015 roll an Fhoireann Deartha Bóithre tionscadal píolótach faoi choinne laghdú teorainneacha luais in 30 eastát Comhairle ar fud na gCeantar Bardasach le comharthaíocht nua agus fodhlíthe fóirsteanacha. Críochnófar an chuid eile de na heastáit (i seilbh na Comhairle) faoi Aibreán 2017 chomh maith le hathbhreithniú iomlán ar theorainneacha luais an líonra bóithre i ndiaidh teorainneacha RITS a bheith tugtha isteach in 2015.

### **Clár Tithíochta Sóisialta 2015-2020**

Fógraíodh an Clár Tithíochta Sóisialta 2015-2020 i ndeireadh 2014 agus faoi dheireadh 2015 bhí straitéis chuimsitheach agus clár mionsonraithe forbartha ag an Fhoireann Caipitil Tithíochta le seo a chur i gcrích. Fostaíodh an dara foireann theicniúil inmheánach trí phróiseas agallaimh le cuidiú leis a fhoireann reatha ag forbairt tionscadail do na céimeanna éagsúla d'Fhaomhadh Roinne. San áireamh sa chlár tá soláthar 170 aonad ó 2015-2017 do leithdháileadh buiséid €31.5m. Déanann an plean foriomlán soláthar (faoi réir ceaduithe ó RCORÁ) le níos mó ná

500 aonad a sholáthar, le caiteachas foriomlán €85m faoi 2020.



*Teachín Tuaithe Aonuaire i Móin Chlaonta, críochnaithe in 2015*

### **Clós Innealra**

Cheannaigh an Clós Innealra cuid innealra nua in 2015, de réir an Chláir Ceannaigh agus Athriochtaithe Innealra 2015-2017 agus lean sé ar aghaidh ag cur ar fáil flít atá fóirsteanach don fheidhm, idir fheithiclí inár seilbh agus fheithiclí ar cíos, d'fhoireann réimse Bóithre na Comhairle, don fhoireann Seirbhísí Tithíochta agus d'Uisce Éireann le linn 2015, ag éascú cothabháil, chóiriú agus fheidhmiú leanúnach shócmhainní na Comhairle.

D'fhoilsigh na Stórais stocliosta inlín agus foirm iarratais soláthair trealaimh cosanta phearsanta le heolas ar infhaighteacht táirgí a chur ar fáil do chustaiméir agus lean siad ar aghaidh ag úsáid na gcomhaontuithe creata náisiúnta le réimse leathan táirgí a sholáthar leis an luach ar airgead is fearr a chinntiú don Chomhairle.



*Flít Chomhairle Contae Dhún na nGall*

## Bainistíocht Acmhainní

Roll lucht Bainistíochta Acmhainní amach cuid conarthaí le cúram, cothabháil agus deisiú leanúnach 5 Ionad Seirbhíse Poiblí na Comhairle agus Ionad Leifir a chinntiú.

Chríochnaigh an fhoireann amach ceannach Bheairic Leifir chomh maith agus thosaigh siad ar na roghanna le Seomra Comhairle nua a fhorbairt le fairsinge a dhéanamh don Chomhairle iomlán níos mó.

Chomh maith le bainistíocht na n-áiseanna seo, thosaigh an Bainisteoir Áiseanna, le cuidiú ón Bhainisteoir Caipitil Tithíochta, ar fhorbairt córais bainistíochta fuinnimh (CBF) le cloí leis an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh le toradh deimhnithe faoi ISO 50001 faoi lár 2016.

Éilíonn caighdeán ISO 50001 go n-úsáidfidh eagraíochtaí CBF le polasaithe agus nósanna imeachta a shocrú le héifeachtúlacht fuinnimh a rianú, a anailísiú agus a fheabhsú go córasach. Tá an caighdeán bunaithe ar an chóras bainistíochta Pleanáil-Déan-Deimhnigh-Gníomhaigh.

Tugann ISO 50001 creat riachtanas d'eagraíochtaí le:

- Polasaí a fhorbairt fuinneamh a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla
- Spriocanna agus cuspóirí a shocrú leis an pholasaí a chur i gcrích
- Sonraí a úsáid le tuiscint níos fearr a fháil agus cinntí níos fearr a dhéanamh faoi úsáid fuinnimh
- Na torthaí a thomhas
- A athbhreithniú cad é chomh maith is a oibríonn an polasaí, agus
- Bainistíocht fuinnimh a fheabhsú go leanúnach.

Moltar deimhniú a lorg do Chóras Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle go ISO 50001 i Meitheamh/Iúil 2016.

## Tógáil & Dearadh Bóithre Náisiúnta

### Tógáil

### Scéim Athailínithe Dhroichead Blackburn N15 Céim 1.

Tosaíodh in Iúil 2015 ar thógáil sa scéim seo le 2.5km d'ailíniú fochaighdeánach ar an N15, ó bhun Mhala Mhig Ruairí i dtreo Bhealach Féich/Srath an Urláir a uasghrádú go hailíniú aonbhealaigh caighdeánach, le guaillí crua. Is é an tréimhse thógála 52 sheachtain agus is é an Conraitheoir Wills Bros. Ltd. Tá an chuid seo den N15 mar chuid den TEN –T (Líonra Tras-Eorpach) sa Chontae, agus feabhsóidh an scéim chríochnaithe sábháilteacht ar bhóithre agus feabhsóidh sé faid turais.



Scéim Athailínithe Dhroichead Blackburn – tógáil ar siúl

### N56 Baile Uachtair go Cill Chainnigh LVNS.

Tosaíodh in Iúil 2015 ar thógáil sa scéim seo le 5.0km d'ailíniú fochaighdeánach ar an N56, i gceantar ar a dtugtar 'Cora Ghaoth Beara' go hailíniú aonbhealaigh le stráicí crua. Is é an tréimhse thógála 80 sheachtain agus is é an Conraitheoir Wills Bros. Ltd. Is é an tionscadal seo céim 2 de Scéim Athailínithe N56 an Clochán Liath – na Gleannta, atá timpeall 29km ar fad agus atá roinnte, ar mhaithe le tógáil, ina 5 chéim. Tá an scéim ar fad san áireamh i bPlean Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil RCPA a foilsíodh le deireanas – 'Ag Tógáil ar Théarnamh' – agus tá sé sceidealaithe na 5 chéim ar fad a bheith críochnaithe faoi 2021. Tá an scéim mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus beidh tionchar dearfach suntasach ag an fhorbairt seo ar Iarthar Dhún na nGall.

### Scéimeanna Feabhsaithe Cosán

Críochnaíodh sé scéim ar na Bealaí Náisiúnta in 2015:

- N15 An Coinicéar – Leifear
- N15 Lios Cúile
- N56 Droichead Duncan (Bóthar Bhaile Dhún na nGall – na Cealla Beaga)
- N56 na Gleannta



- N56 Cill Chonaill (Bóthar Chill Mhic Réanáin – an Tearmann)
- N56 Turrishill, Tamhnach an tSalainn.
- Scéimeanna Athchóirithe/Feabhsaithe Droichead.
- Scéimeanna Comharthaíochta/Línte & Sábháilteachta Bóithre.



*Athailíniú ag Cora Ghaoth Beara ar N56 ar siúl*

## Dearadh

### Feabhsuithe TEN-T

Is é is TEN-T ann clár ilbhiliúin infheistíochta Eorpaí i ngach cineál iompair. Tá sé d'aidhm ag polasaí TEN-T na bearnaí idir líonraí iompair Ballstáit a dhruim agus caolais tráchta a chuireann isteach ar fheidhmiú réidh an Mhargaidh Inmheánaigh a bhaint ar shiúl.

Chuir an TII leithdháileadh do Dhún na nGall in 2015 le tosú ar an phróiseas an líonra TEN-T a fhorbairt sa Chontae. Sa chéad chéim den tionscadal coimisiúnaíodh sainchomhairleoir le staidéar ar riachtanais dorchla a dhéanamh ar an líonra Ten-T ó cheannphointe Scéim Athailíne Dhroichead Blackburn N15 (atá ag Céim na Tógála faoi láthair) go dtí teorainn Dhoire ag Ceann an Droichid via an N13 agus ó Leitir Ceanainn go Leifear via N56 agus N14.

Is é toradh an staidéir na scéimeanna feabhsaithe atá riachtanach a shainaithint leis an bhealach a fheabhsú go riachtanais TEN-T agus le tosaíocht a dhéanamh leis an tseicheamh ina bhfuil na scéimeanna seo lena dtabhairt chun cinn. Bhí an staidéar beagnach críochnaithe in 2015 agus táthar ag dréim le tuilleadh leithdháilte in 2016 leis an tionscadal a fhorbairt a thuilleadh.

### N56 Tamhnach an tSalainn– Druim Beitheach Scéim Athailínithe

Tosaíodh ar thógáil sa scéim seo le 2.5km d'ailíniú fochaighdeánach idir Tamhnach an tSalainn agus gabhal na bhFrosa ag Drum Beitheach a uasghrádú go hailíniú aonbhealaigh caighdeánach, le guaillí crua. Tá doiciméid chonartha críochnaithe agus tá an dul ar aghaidh go tairiscint agus tógáil faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. Is é an tionscadal seo céim 1 de Scéim Athailínithe N56 Tamhnach an tSalainn – Inbhear, atá timpeall 5km ar fad agus atá roinnte, ar mhaithe le tógáil, ina 2 chéim. Tá an scéim ar fad san áireamh i bPlean Bonneagair agus Infheistíochta Caipitil RCPA a foilsíodh le deireanas – 'Ag Tógáil ar Théarnamh' – agus tá sé sceidealaithe a bheith críochnaithe faoi 2021. Tá an scéim mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus beidh tionchar dearfach suntasach ag an fhorbairt seo ar Iarthar Dhún na nGall.

### N56 Cúil Bhuí – Cill Mhic Réanáin

Tá beartaithe sa scéim seo 3.3km d'ailíniú fochaighdeánach idir Ealastran agus Cill Mhic Réanáin agus ag tabhairt isteach píosa ar a dtugtar na Bruacha Gorma a uasghrádú go hailíniú aonbhealaigh caighdeánach, le stráicí crua. Tá doiciméid chonartha críochnaithe agus tá an dul ar aghaidh go tairiscint agus tógáil faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. Tá an scéim mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus beidh tionchar dearfach suntasach ag an fhorbairt seo ar Iarthar agus ar Thuaisceart Dhún na nGall.

### N56 Timpeallán Chill Tuaidh

Tá beartaithe sa scéim seo an leagan amach 2 ghabhal tosaíochta reatha a réasúnú le timpeallán le hacmhainn a mhéadú agus sruth tráchta níos fearr a mhéadú ag an láthair seo. Feidhmeoidh an timpeallán beartaithe mar ceangal isteach ó thuaidh do Bhóthar Faoisimh beartaithe Leitir Ceanainn. Cuireadh an dearadh mionsonraithe chun tosaigh in 2015 agus tá maoiniú tógála geallta do 2016.

### N56 Cill Chainnigh go Leitir Oilí LVNS

Is é an scéim seo céim 3 de N56 an Clochán Liath go Gleannta LVNS dá dtagraítear thuas agus atá 3.3km ar fad. Tá dearadh mionsonraithe críochnaithe agus tá an dul ar

aghaidh go tairiscint agus tógáil faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

Rinneadh réamhobair deartha ar chuid scéimeanna feabhsaithe cosáin, athchóirithe droichid agus scéimeanna sábháilteachta le tairbhe a bhainte as maoiniú a bhfuiltear ag dréim leis in 2016.

Fuair an Oifig Náisiúnta Bóithre (ONB) atá lonnaithe in ISP Dhún na nGall le 26 bhall foirne, fuair siad creidiúnú agus deimhniú ISO 9001;2008 in 2015.



*Eamon Canney, Innealtóir Sinsearach, Oifig Náisiúnta Bóithre, Seamus Neely, Príomhfheidhmeannach agus Michael Nolan, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, Bonneagar Iompair Éireann ag fáil Deimhniú ISO9001 a bronnadh ar an Oifig Náisiúnta Bóithre i mBaile Dhún na nGall*

## Oifig Bainistíochta Bóithre

I ndeireadh 2014 bhí Comhairle Contae Dhún na nGall i gceannas ar chuibhreas in raibh Comhairlí Contae Dhún na nGall, Chorcaí, Ciarraí, agus Thiobraid Árann, le Comhairle Cathrach Chorcaí, sa tairiscint faoi choinne Chomhsheirbhís na hOifige Bainistíochta Bóithre.

Is é a ról tacú le húdarais áitiúla ina ról mar Údarais Bhóithre ag freagairt ar thosaíochtaí, pholasaithe agus chuspóirí an rialtais tríd an Rionn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá tacaíochtaí bunaithe ar thrí ghné rithabhachtacha: Próisis, Daoine agus Teicneolaíocht.

Faigheann siad seo ansin tacaíocht trí mhaoiniú ar:

- Daoine Obair chomhoibritheach a chothú i leith bainistíocht bóithre ar fud na hearnála agus le gníomhaireachtaí eile.
- Próisis: Polasaithe agus próisis ar fud na hearnála fhorbairt agus tacú leo, atá de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr i mbainistíocht sócmhainní bóthair.
- Teicneolaíocht: Tacaíochtaí Luacha ar Airgead (LAA) a fhorbairt agus a fheabhsú do pháirtithe leasmhara timpeall bainistíochta bóthair.

Tá obair na hOifige Bainistíochta Bóithre (OBB) forbarthach ina cineál agus faoi réir a athbhreithnithe ag an OBB agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údarais áitiúla, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí, chomh maith leis an tionscadal fóntais.

Le linn 2015 chuir an oifig ar bun dhá oifig i gCorcaigh agus i mBaile na nGallóglach agus d'oibrigh siad go dlúth leis an Rionn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus Údarais Áitiúla chomh maith le gníomhaireachtaí agus fóntais eile.

Is fearr a léirítear na forbairtí le linn 2015 trí bhreathnú ar an staid roimhe agus ina dhiaidh faoin dá phríomhtháirge insoláthartha a bhí mar chuspóirí ag na hoifigí do 2015:

### Ceadúnú Bóithre:

Sainaithníodh bac suntasach ar rolladh amach bonneagair (uisce, leathanbhanda, gás) go náisiúnta faoin Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Is é a bhí i gceist údarais áitiúla ag úsáid córais pháipéarbhunaithe d'iarraitais ar oibreacha bóithre chomh maith le héagsúlacht shuntasach i measc údarais áitiúla ar phlé le fóntais (maidir le híocaíochtaí, coinníollacha, am freagairte etc.).





## Roimhe


- Ceithre údarás áitiúla ag úsáid córais ar líne le hiarratas a dhéanamh ar oibreacha bóthair
- Aon fhóntas amháin ag úsáid an chórais
- Trí chaighdeán fhoilsithe faoi choinne bainistíocht oscailtí bóthair
- 31 leagan de choinníollacha caighdeánacha
- Seiceáil árachais teoranta nó ilseiceáil
- Rianú teoranta nó rianú ar bith iarratas
- Drochrianú amlínte

## Ina dhiaidh:

- 31 Údarás Áitiúla ag úsáid córais ar líne
- Iarratais ÚNB ar líne
- Gach mórfhóntas seachas UÉ ag úsáid an chórais.
- Aon chaighdeán náisiúnta amháin faoi choinne bainistíocht oscailtí bóthair
- Coinníollacha uilíocha á gcomhaontú
- Timpeall 200 ceadúnas á bpróiseáil sa tseachtain
- Ceadúnais á rianú

### **Bainistíocht Sócmhainní Cosán:**

Is príomhtháirge insoláthartha don OBB é bonn fianaise a thabhairt lenár líonra bóithre a mhaoiniú chomh maith le modheolaíochtaí deartha d'údaráis áitiúla leis an luach ar airgead is fearr a fháil ina gclár infheistíochta. Le linn 2015 d'oibrigh an oifig le RITS agus le húdaráis áitiúla leis an chóas MapRoad a rolladh amach chomh maithe le treoirlínte agus córais tacaíochta.



## Roimhe

- Córas páipéarbhunaithe sa chuid is mó údarás áitiúil le faisnéis a thaifeadh don roinn
- Éagsúlacht i dtaifid atá á gcur isteach chuig an RITS
- Drochleanúnachas i rianú oibreacha bóthair atá déanta
- Deacrachtaí ag tomhas comhlíontachta
- Caighdeáin éagsúla do shuirbhéanna meicniúla
- Faisnéis theoranta maidir le rátáil riochta bóthair.

## Ina dhiaidh:

- Tuairisceáin á gcur tríchóras MapRoad ag údarás áitiúla thar €150M nó obair taifeadta
- Clár 2016-2019 ar líne
- Cur chuige taifeadta caighdeánach
- Níos mó eolais ar fáil ar líne maidir le hoibreacha déanta
- Suirbhé déanta ar níos mó ná 65000KM de bhóithre
- Creata soláthair do shainchomhairleoirí cosáin agus rátáil riocht cosáin
- Múnla do phleanáil bainistíochta cosáin comhaontaithe do phíolótú
- Meithleacha ar chosáin agus ar dhraenáil ag feidhmiú

**Tuairisc ó John McLaughlin,  
Stiúrthóir Seirbhíse**

# Uisce agus Comhshaol

Tá Uisce agus Comhshaol freagrach as:

- Soláthar seirbhísí uisce
- Bainistíocht dramhaíola
- Rialú truailliú uisce agus Bainistíocht Abhantrach
- Oideachas agus feasacht Comhshaoil
- Bainistíocht bruscair
- Bainistíú trána agus áiseanna spóirt & áineasa

## Soláthar seirbhísí uisce

### Soláthar Uisce Óil

Faoin Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann (UÉ), feidhmíonn an Chomhairle go fóill 32 Sholáthar Uisce Phoiblí (SUP) ag táirgeadh 23.4 milliún mhéadar chiúbacha d'uisce óil ag freastal ar thimpeall 159,700 de dhaonra. Cheannaigh an Chomhairle 104,390 méadar chiúbacha uisce ó Uisce Thuaisceart Éireann. Chomh maith leis na 32 scéim SUP tá 7 ngrúpscéim soláthar uisce (GSU) ann comh maith.

Shainaitin an Clár Suirbhéireachta Méadar Uisce Baile beagnach 81,000 nasc baile go príomhphíopa uisce sa chontae.

Sainaitníodh 10,835 nasc neamhbhaile le billeáil ag deireadh 2015, a bhfuil méadar ag 9,820 acu.

Bhí soláthar uisce óil i nDún na nGall in 2015 mar seo a leanas:

Ceantar Bardasach	Uisce Óil (méadair chiúbacha)
CB Inis Eoghain	5,537,415
CB Dhún na nGall	5,339,950
CB na nGleanntach	4,259,915
CB Leitir Ceanainn	5,459,670
CB Shrath an Urláir	2,763,780
Iomlán	23,360,730

## Buaicphointí 2015

- **32** Sholáthar Uisce Phoiblí ag táirgeadh **23.4** milliún méadar chiúbacha d'uisce óil ag freastal ar thimpeall **159,700** de dhaonra
- **89** sceitheadh scéime bardasaí dramhuisce, **39** acu faoi réir ceadúnas sceithimh agus **50** acu faoi réir Deimhniú Udaraithe
- **12** mhórscéim caipitil agus **33** mionscéim caipitil ag sul ar aghaidh
- Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola 2015 foilsithe
- **6** Ionad Athchúrsála i gCarn Domhnach, ar an Chlochán Liath, i mBaile na nGallóglach, Leathaigh, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir faoi chonradh le Bryson Recycling
- **330** umar athchúrsála ag **72** láthair faoi choinne gloine agus cannaí, ag tabhairt isteach os cionn **2700** tonna gloine in 2015
- Ghlac **194** scoil páirt i gclár na mbratach glas agus bronnadh **154** Bratach Ghlasa
- Bronnadh **13** Dhámhachtain Bhrataí Goirme ar Dhún na nGall in 2015
- Bain **6** thrá amach an caighdeán Uisce Snámha Sainithe
- Bronnadh Dámhachtainí an Chósta Ghlais ar **5** thrá
- Tá **13** thrá inrochtana ag cathaoireacha rotha

Déantar monatóireacht ar an líonra leiththeadach dáilte agus stórais uisce ar fud an chontae faoi choinne uisce neamhthuisce (UNT). In 2015 ba é an figiúr UNT 42.54%. In uireasa méadrú uilíoch tá cuid de seo bunaithe ar thomhaltas i ngach áit chónaithe. Tá na buntoimhdí seo á n-athbhreithniú ag UÉ agus athróidh siad in 2016.

Tá líon suntasach soláthar uisce príobháideach i bhfeidhm ar fud an chontae, mar seo a leanas:

- 4 GSU phríobháideacha atá mór go leor faoi choinne tuairisciú reachtúil don Ghníomhaireacht Cosanta Comhshaoil (GCC).
- Déantar monatóireacht ar 16 GSU phríobháideacha níos lú, ach ní thuairiscítear iad.
- Déantar monatóireacht ar 18 soláthar uisce atá go hiomlán príobháideach agus tuairiscítear iad don GCC, agus
- Déantar monatóireacht ar 20 GSU phríobháideacha níos lú, ach ní thuairiscítear iad.

Faigheann cuid teach aonair a n-uisce ó thobar príobháideach go fóill. Feidhmíonn an Chomhairle scéim fóirdheontais thar ceann na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar chion i dtreo chostais oibriúcháin do GSUnna agus scéim deontais toibreacha le toibreacha uisce óil aonair.

### **Caighdeán Uisce Óil**

Is é an Ghníomhaireacht Cosanta Comhshaoil (GCC) an t-údarás maoirseachta d'Uisce Éireann i dtaca le seirbhísí uisce atá á bhfeidhmiú go poiblí agus do Chomhairle Contae Dhún na nGall i dtaca le soláthairtí príobháideacha.

Déanann an Clár Monatóireachta Uisce Óil, déanta ag FSS thar ceann na Comhairle, déanann siad monatóireacht ar sholathairtí poiblí agus príobháideacha ag sonnaí tomhaltóirí. Déantar trí chineál tástálacha – micribhitheolaíoch, ceimiceach agus táscaire. Faightear 'comhlíonadh foriomlán' ó na trí cinn go léir.

Ba é an leibhéal comhlíonta micribhitheolaíoch i Soláthairtí Uisce Poiblí Dhún na nGall 100% in 2015. Ba é an leibhéal comhlíonta foriomlán (lena n-áirítear paraiméadair tháscairí) 98.7%. Bhain soláthairtí príobháideacha comhlíonadh micribhitheolaíoch meánach 88% le comhlíonadh foriomlán 92.2%.

Foilsíonn GCC liosta Scéimeanna Gníomhaíochta Feabhais (SGF) le haird a

dhíriú ar scéimeanna neamhchomhlíontacha agus le hoibreacha feabhais a mholadh le fadhbanna a leigheas. Bhí aon scéim SGF déag ann i nDún na nGall in 2015. Tá Uisce Éireann ag forbairt idirghabhálacha le plé leis na fadhbanna.

### **Scéimeanna Fuíolluisce**

Tá 89 sceitheadh ó scéimeanna fuíolluisce sainaitheanta lena n-údarú ag an GCC. Ceadúnaítear sceití ó scéimeanna níos mó ach tá sceití ó scéimeanna níos lú faoi réir deimhnithe údaráis.

Tá 39 sceitheadh scéime i nDún na nGall ina n-iarrthóirí ar cheadúnais sceite. Tá 35 cinn acu eisithe go dáta – 12 in 2015. Tá na 50 sceitheadh eile ina n-iarrthóirí ar Dheimhniú Údaráis. Tá na Deimhnithe Údaráis seo go léir eisithe.

### **Comhlíonadh Cáilíochta Sceite Fuíolluisce**

Déantar an Chomhairle monatóireacht ar gach sceitheadh fuíolluisce agus cuireadh an clár monatóireachta go léir i gcrích in 2015. Déantar comhlíonadh an sceite cheadúnaithe a thástáil de réir riachtanais an Cheadúnais Sceite agus chomh maith de réir riachtanais na Treorach ar Fhuíolluisce Uirbeach. Bhain na hionaid níos úire agus níos nua-aimseartha comhlíonadh in 2015, nó líon suntasach seanionad gan a bheith comhlíontach, rud a léiríonn an gá le hinfheistíochta i gcóireáil fuíolluisce.

### **Tionscadal ANSWER**

Bhí an Chomhairle ina comhpháirtí ar an Tionscadal ANSWER de chuid INTERREG AE le fianaise eolaíochtúil a chur ar fáil ar éifeachtacht agus inbhuanaitheacht saileach bharrscoite ar uainíocht ghairid le heisiltigh orgánacha a chóireáil. Chuir an tionscadal ar fáil plándáil 14Ha sailí uiscithe taobh le Scéim Séarachais Cheann an Droichid ag tabhairt cóireáil bhreise d'eisiltigh a fhágann na hoibreacha cóireála sin. Cé go mbaineann sé leis an aimsir, baineadh amach 90% in eisiltigh chuig na sailí i míonna áirithe le linn 2015. Cuideoidh sonraí ón láthair thrialach seo agus eile le lucht ceaptha polasaí, rialaitheoirí agus úsáideoirí féideartha na dteicneolaíochtaí.

## Caipiteal Seirbhísí Uisce

Tá 12 mhórscéim caipitil agus 33 mionscéim caipitil ag dul ar aghaidh tríd an Chlár Caipitil UÉ in 2015 mar seo a leanas:

- Tosaíodh ag tógáil ionaid cóireála fuíolluisce in 2015 do na Gleannta, an Clochán Liath agus Baile Suingean. Táthar ag dréim leis na scéimeanna seo a chríochnú in 2016.
- Ullmhaíodh doiciméid tairisceana d'fheabhsuithe líonra fuíolluisce Leitir Ceanainn.
- Síníodh Conradh Dear Tógáil Feidhmidh (CDT) do Ghrúpa B Bhá Dhún na nGall in 2015 le bonneagar fuíolluisce a chur ar fáil do Bhun Dobhráin, Conmhaigh, Gleann Cholm Cille agus na Cealla Beaga.
- Rinneadh ceapacháin do sheirbhísí deartha faoin Chlár Bailte & Sráidbhailte le bonneagar fuíolluisce a thabhairt chun cinn do na hionaid seo a leanas: Ceann an Droichid, Bun Cranncha, Carraig Airt, Cill Mhic Réanáin, Baile na nGallóglach, Tamhnach an tSalainn, Ráth Mealtain agus Srath an Urláir.
- Rinneadh 6 cheapachán ar leith do sheirbhísí comhairliúcháin do dhearadh, tairiscint agus riar conartha ar mhórhionscadail feabhsaithe uisce óil ag clúdach Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Leitir Ceanainn, Ionad Cóireála Uisce Chraoslocha, Scéim Soláthair Uisce Inis Eoghain Thoir, Ionad Cóireála Uisce Ghort an Choirce, Ionad Cóireála Uisce Abhainn tSeiscinne, Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Leitir Mhic an Bhaird, Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach na gCealla Beaga agus Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhéal Átha Seanaidh.
